

**Tuarascáil an  
Choimisinéara Cosanta  
Sonraí um Chosaint  
Sonraí sa Roinn Gnóthaí  
Sóisialacha & Teaghlaigh**

## Clár Ábhair

|  |        |
|--|--------|
| <b>Achoimre Fheidhmeach</b> .....                              | Lch.3  |
| <b>1 Bonn Dlíthiúil don Chigireacht</b> .....                  | Lch.4  |
| <b>2 Cúlra</b> .....   | Lch.4  |
| <b>3 Réamhchigireacht</b> .....                                | Lch.6  |
| <b>4 An Chigireacht</b> .....                                  | Lch.7  |
| 4.1 Infreastruchtúr Teicniúil.....                             | Lch.7  |
| 4.2 Polasaithe agus Cleachtais um Chosaint Sonraí.....         | Lch.10 |
| 4.3 Cigireacht ar Rannáin & Córais ar Leith.....               | Lch.14 |
| 4.3.1 Sochar Tinnis.....                                       | Lch.14 |
| 4.3.2 Aonad na Staitisticí.....                                | Lch.15 |
| 4.3.3 Sochar Linbh ACMS.....                                   | Lch.16 |
| 4.3.4 Teastais Dochtúra.....                                   | Lch.16 |
| 4.3.5 CGTC (Córais Ghearrthearma Chomhtháite).....             | Lch.17 |
| 4.3.6 Seirbhísí Céannachta Cliant.....                         | Lch.18 |
| 4.3.7 Rannán Rialaithe – Oifig an Stiúirthóra Réigiúnaigh..... | Lch.21 |
| 4.3.8 Oifig Phoiblí (Teach Oisín).....                         | Lch.22 |
| 4.4 Fothaí Sonraí Tríú Páirtí.....                             | Lch.22 |
| 4.5 Tátail Bhreise i dtaca leis an nGrúpa Oibriúchán TF.....   | Lch.23 |
| <b>5 Tátail</b> .....  | Lch.24 |
| <b>6 Moltaí</b> .....  | Lch.27 |
| <b>7 Athbhreithniú ar an Dul Chun Cinn</b> .....               | Lch.32 |
| <b>8 Aguisíní</b> .....  | Lch.32 |

**Sa tuarascáil seo, seasann an giorrúchán “RGST” don “Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh” agus seasann an giorrúchán “OCCS” do “Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí”**

## **ACHOIMRE FHEIDHMEACH**

Is é atá sa tuarascáil seo ná iniúchadh a rinne Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i mí Eanáir na bliana seo. Chomhoibrigh an Roinn go hiomlán leis an iniúchadh seo.

Roghnaíodh an Roinn le hiniúchadh a dhéanamh uirthi de bharr an stádas atá aici mar phríomhshealbhóir sonraí pearsanta daoine aonair. Cuirtear an-chuid de na sonraí seo ar fáil i gcúinsí nach bhfuil rogha eile ag an duine aonair ach an fhaisnéis a thabhairt más mian leo seirbhís nó sochar a fháil.

Tharla an t-iniúchadh i gcúlra ina raibh ábhair shuntasacha ba chúram do chleachtais um chosaint sonraí sa Roinn. D'eascair na buarthaí seo as iniúchtaí a rinneadh ar eagraíochtaí eile ar nós cuideachtaí árachais, gearáin a rinneadh leis an gCoimisinéir agus tuairiscí meán d'fhaisnéis a scileadh go mídhleathach.

Leagann an tuarascáil béim ar cheisteanna inmí ar leith agus ar líon mór réimsí ina bhfuil gá le feabhsúchán. Aithníonn an Roinn go hiomlán go bhfuil gá lena leithéid feabhsúcháin.

Tá an Roinn tiomanta le tuilleadh acmhainní agus aird bhreise na hardbhainistíochta a thabhairt do chosaint sonraí. Tá tús curtha le clár athruithe dá cleachtais inar chóir go mbeadh leibhéal méadaithe ann chun na riachtanais chosanta sonraí a chomhlíonadh dá bharr. Leanfaidh an Coimisinéir ag obair go dlúth leis an Roinn lena chinntiú go leantar leis an dul chun cinn seo.

## 1. BONN DLÍTHIÚIL DON CHIGIREACHT

Deimhníonn Alt 10(1A) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003:

***"Féadfaidh an Coimisinéir imscrúdú a dhéanamh, nó a chur faoi deara imscrúdú a dhéanamh, a mheasann sé nó sí a bheith feiliúnach d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta seo agus le sárú ar bith a aithint dá bharr".***

Faoin údarás seo d'ordaigh an Coimisinéir go mbeadh cigireacht ar an láthair den Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh (RGST) ar an 22-23 Eanáir 2008. Roghnaíodh foireann chigireachta ar a raibh Gary Davis, Leas-Choimisinéir, Eunice Delaney, Coimisinéir Cúnta, John Rogers, Oifigeach Sinsearach Comhlíonta, Ciara O'Sullivan, Oifigeach Sinsearach Comhlíonta & Alan O'Grady, Oifigeach Sinsearach Comhlíonta. Cheap an Coimisinéir beirt eile go sealadach mar acmhainní breise, ó chuideachta teicneolaíochta san earnáil phríobháideach, mar 'oifigigh údaraithe' d'fhonn cúnaimh teicniúil agus saineolas a chur ar fáil don Fhoireann le linn an iniúchta. Tá cearta rochtana ag oifigigh údaraithe ar shonraí pearsanta faoi Alt 24 de na hAchtanna in éineacht le dualgais rúndachta comhfhreagracha. Chun críocha an iniúchta rinneadh an fhoireann a fhoroinnt mar fhoireann iniúchta ghnó agus foireann iniúchta theicniúil. Tá an litir rúin chun iniúchadh a dhéanamh a d'eisigh an Coimisinéir ceangailte mar Aguisín 1.

An príomhfhócas de ghníomhaíocht iniúchta ná chun na feabhsúcháin a aithint a d'fhéadfadh a bheith riachtanach lena chinntiú go gcomhlíontar riachtanais na hAchtanna um Chosaint Sonraí i gcónaí. In éineacht leis an aidhm seo, beartaítear ar iniúchadh a dhéanamh lena fháil amach an bhfuil aon sárú géarchúiseach de na riachtanais chosanta sonraí soiléir.

## 2. CÚLRA

Is ábhar inní é cáilíocht na slándála sonraí agus na modhanna rochtana ar shonraí pearsanta laistigh de na Ranna agus comhlachtaí Rialtais i gcoitinne agus go háirithe sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh ar feadh tréimhse ama anois.

Mar gheall ar an gcineál oibre atá ar bun, tá faisnéis phearsanta fhairsing agus mhionsonraithe i seilbh na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir lena custaiméirí. Glacann sí go bhfuil freagracht uirthi lena chinntiú go mbailítear an fhaisnéis seo go hiomchuí, go gcoinnítear slán í agus go mbaintear úsáid aisti chun na críche dá raibh sí beartaithe. Glacann an Roinn leis na freagrachtaí seo go dáiríre agus measann sí gur cion é sárú cosanta sonraí agus go bhfuil gá leis an b pionós araíonachta is airde dá réir.

Aithníonn an Roinn agus is ábhar inní é dóibh mar atá sé don phobal gur tharla líon sárúithe ar shlándáil sonraí le blianta beaga anuas agus, de bharr na dteagmhas seo, bhí athbhreithniú suntasach ar bun aici ar pholasaithe, cleachtais agus nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe um rochtain ar shonraí. Cé nach bhfuil an t-athbhreithniú críochnaithe go fóill, leagadh béim ar líon laigí agus tá an Roinn tiomanta chun tabhairt

fúthu seo d'fhonn a chinntiú go gcuirtear feabhas ar shlándáil faisnéise agus go mbeidh sí ar leibhéal atá i gcomhréir leis an ardleibhéal tábhachtacha a dtugann an ardbhainistíocht di. I mí Eanáir 2008, ghlac an Roinn le creat polasaí leathain bunaithe ar na prionsabail go mbeifear in ann fáil ar shonraí ar bhonn riachtanais, nach mbeidh ach daoine aonair údaraithe in ann fáil orthu agus chun na críche atá beartaithe, agus go n-áiritheofar cuntasacht an duine aonair. Aithníonn sí nach gcomhlíonann na bearta rialaithe atá ann cheana féin go hiomlán le roinnt de na riachtanais seo, ach léirigh sí go bhfuil sí i mbun cláir oibre go gníomhach chun tabhairt faoi na heaspaí.

Shonraigh sí go háirithe go mbaineann líon mór de na laigí reatha leis na srianta teicneolaíochta atá ar na córais ríomhaire éagsúla a thacaíonn lena scéimeanna agus seirbhísí custaiméara. Tagraítear do na córais seo i gcoitinne mar córais 'oidhreacht'. Nuair a cuireadh na córais seo le chéile ar dtús, an gháthchleachtas a bhí ann ná iad a chur ar fáil don líon is mó úsáideoirí gnó agus arbh fhéidir agus gan iniúchadh a dhéanamh ach ar na hathruithe ar an sonraí. Tá sé soiléir anois le roinnt mhaith blianta nach n-éascaíonn na córais seo na riachtanais chun rochtain a dhéanamh ar bhonn riachtanais agus chun iniúchadh a dhéanamh ar rochtain inléite amháin. Mar chuid dá Plean Gníomhaíochta Nuachóirithe agus dá Samhail Soláthar Seirbhísí nua, tá an Roinn i mbun cláir ilbhliantúil faoi láthair leis na feidhmchláir seo a athsholáthar agus tá sí ag bogadh chuig ardán ina bhfuil rialuithe slándála faisnéise feabhsaithe. I ndearadh chórais nua na Roinne (ar a dtugtar an tSamhail Oibiachta Gnó) tá, i measc nithe eile, rialuithe rochtana agus áiseanna iniúchta feabhsaithe. Dúirt an Roinn go ndéanfaidh sí an chuid eile dá córais 'oidhreacht' a athsholáthar/ascnamh le linn na chéad 5 bliana eile nó mar sin. Deir an Roinn freisin go bhfuil luas an ascnaimh faoi rialú infhaighteachta acmhainní i réimsí teicniúla agus gnó na Roinne (nach foláir dóibh leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus ag cothabháil córas táirgeachta reatha agus córais agus próisis na Roinne á n-atheagrú acu ag an am céanna) ach aithníonn an Roinn an inmhianaitheacht atá ann, ar chúiseanna éagsúla, leis an ascnamh a chur i gcrích a luaithe agus is féidir. Mar gheall ar thábhacht a príomhchórais taifead cliant, cuireadh an acmhainn le 'hiniúchadh a léamh' in 'ais-oiriúint' go luath i ndiaidh chigireacht na Foirne Iniúchta ar an láthair.

Glacadh leis gurbh ábhar mór inní é don Roinn nuair a fuarthas amach, le linn iniúchta ar chuideachta árachais a rinne Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (OCCS) i mí an Mheithimh 2007, go raibh mionsonraí leasa shóisialaigh daoine áirithe faoi sheilbh ar na comhaid ag imscrúdaitheoirí príobháideacha a bhí ag obair don chuideachta. Scríobh an OCCS chuig an Roinn ag an am agus iarradh uirthi an t-ábhar a imscrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na cosaintí a bhí ann ionas nach dtarlódh a leithéid arís. Is mian leis an Roinn a chur in iúl go nglacann sí lena freagrachtaí maidir leis seo go handáiríre agus tá sí i mbun teagmhála leis an OCCS maidir leis an imscrúdú seo.

Bhí iniúchadh tosaíochta ceaptha le bheith déanta ar an Roinn mar fhreagra díreach ar thuairiscí eile ó na meáin a bhí ann i mí Dheireadh Fómhair 2007 nuair a líomhnaíodh gur nocht fostaí den Roinn líon sonraí pearsanta go neamhdhleathach agus baineadh úsáid astu chun críocha coiriúla (cé go ndearbhaítear go mbaineann an cás seo le teagmhais a tharla i 2003 agus gur briseadh an t-oifigeach a bhí i gceist as a post sa Státseirbhís). Léiríonn na teagmhais seo an tábhacht atá leis an ngné dhaonna de shlándáil faisnéise. Cé

go bhfuil clár oiliúna agus feasachta foirne ar siúl ag an Roinn le tamall anois, d'aithin sí, ó thús an Iniúchta, go raibh gá leis an gclár a fheabhsú agus a leathnú amach, lena bheith níos cinnte de, go bhfaigheann an 4,500 fostaí ar fad atá sa Roinn an t-eolas, scileanna, áiseanna agus tacaíochtaí atá de dhíth lena gcuid cúraimí a chomhlíonadh i mbealach comhfhiosach ó thaobh slándála de.

### ***Sonraí á gcoinneáil & Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)***

Is í an RGST an coinneálaí is mó de shonraí pearsanta orainn ar fad sa Stát. Tosaíonn bailiú ár sonraí pearsanta san earnáil phoiblí ón uair a shaolaítear sinn. Sa lá atá inniu ann, tugann an RGST Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) do gach duine nuair a shaolaítear iad. Tá sonraí pearsanta ó speictream iomlán na sochaí ag an Roinn. Coinníonn sí sonraí pearsanta chun na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a íoc: sochar linbh, deontais mhéala, pinsin seanaoise, sochair mháithreachais, pinsin baintrí/baintreach fir, scéim aontuismitheora, liúntas cúramóirí, liúntais don lucht cuardaigh fostaíochta, scéimeanna um fhilleadh ar an obair, sochair tinnis & míchumais, liúntas cíosa, scéimeanna saor in aisce ar nós saorthaistil, ceadúnas teilifíse, gáis i mbuidéal, leicreachais, teileafóin agus le ranníocaíochtaí ÁSPC a fháil.

Is é atá i gceist leis seo ná taifead iomlán de mhionsonraí a custaiméirí a choinneáil, lena n-áirítear i líon mór cásanna mionsonraí cuntais bhainc le híocaíocht na sochar a éascú.

Cuireadh tús leis an UPSP san Acht Leasa Shóisialaigh 1998 mar an t-aitheantóir pearsanta uathúil le haghaidh idirbheartaíochta idir daoine aonair agus na Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile atá sonraithe sna hAchtanna Leasa Shóisialaigh. Sa reachtaíocht a rialaíonn úsáid na UPSP déantar foráil gur féidir leis na comhlachtaí poiblí atá ainmnithe sna hAchtanna Leasa Shóisialaigh nó duine nó comhlacht ar bith atá údaraithe ag na comhlachtaí poiblí sin chun gníomhú ar a son, í a úsáid.

Coinnítear “céannacht seirbhíse poiblí” a bhaineann le duine – an UPSP móide an t-ainm, (agus sloinne ar bith eile a bhíodh ag an duine), dáta breithe, sloinne a bhíodh ag máthair an duine, inscne, náisiúntacht agus seoladh – ar bhunachar sonraí sa RGST. Leis na hathruithe a rinneadh le déanaí sa dlí leasa shóisialaigh déantar foráil chun sínithe agus grianghraif a chur isteach freisin. Féadtar an fhaisnéis seo a chomhroinnt le gníomhaireachtaí eile a chuireann seirbhísí poiblí ar fáil, faoi réir coinníollacha atá leagtha amach sna hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

Sa lá atá inniu ann tá méadú ar éileamh na UPSP – a bhí mar an Uimhir Ioncaim agus Árachais Shóisialaigh (IÁS) ar dtús agus a bhí teoranta d'idirbhearta idir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus na Coimisinéirí Ioncaim – ó ghníomhaireachtaí poiblí mar choinníoll chun réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil.

### **3. RÉAMHCHIGIREACHT**

Scriobh an Coimisinéir chuig an Roinn ar 30 Deireadh Fómhair 2007 ag cur in iúl go foirmiúil don Ard-Rúnaí go raibh sé beartaithe aige tabhairt faoi iniúchadh ar dháta a bheadh comhaontaithe eatarthu. Lorgaíodh doiciméadú roimh ré freisin maidir le sreafaí sonraí agus ailtireacht an chórais laistigh den Roinn.

Sonraíodh go ndíreodh an t-iniúchadh ar dhá príomhchnuasach de cheisteanna:

(i) Na bearta atá i bhfeidhm le slándáil shonraí pearsanta chustaiméirí na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a chosaint.

(ii) Eolas níos soiléire a fháil maidir leis an méid comhroinnte sonraí atá ar siúl sa tseirbhís phoiblí go forleathan trí úsáid a bhaint as an UPSP mar aitheantóir.

Thionscain an Roinn cruinniú réamh-iniúchta a bhí ar siúl ar 14 Eanáir 2008 ionas go ndéanfaí an t-iniúchadh ar na príomhréimsí buartha agus i mbealach a bheadh chomh éifeachtach agus arbh fhéidir.

#### **4. AN CHIGIREACHT**

Tharla an próiseas cigireachta ar an láthair thar dhá lá agus is é a bhí beartaithe le déanamh ná díriú ar na réimsí gníomhaíochta sin den Roinn a mheas an OCCS gur dócha go mbeadh airíonna de na polasaithe agus cleachtais fhorleathana maidir le cosaint sonraí laistigh den Roinn le sonrú orthu. Ní féidir a mheas go bhfuil dhá lá cigireachta ar Roinn, a dhéanann an méid sin sonraí pearsanta maidir leis an daonra a phróiseáil, uileghabhálach, agus ba chóir breathnú ar na conclúidí a d'eascair aisti agus na moltaí a rinneadh sa chomhthéacs sin.

Roghnaíodh réimsí agus córais oibriúchán na Roinne le cigireacht a dhéanamh orthu go randamach, cé gur díriodh go háirithe ar na réimsí sin inar ceapadh go raibh an léiriú is mó de na bearta fisiceacha agus teicniúla atá i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a phróiseáil sa Roinn.

##### **4.1 Infreastruchtúr Teicniúil**

Tá níos mó ná 50 córas beo laistigh den Roinn ina bhfuil eilimintí áirithe de shonraí pearsanta chustaiméirí agus bhaill foirne na Roinne. An príomhchóras is ea Príomhchóras na dTaifead (PCT) ar a raibh 6,817,262 taifead cliant ag deireadh mhí na Samhna 2007. Chun rochtain iarratais a dhéanamh ar an gcóras seo agus ar na córais eile ar fad de ghnáth déantar iad a bhainistiú tríd an gcóras a dtugtar an córas INFOSYS air. Is féidir rochtain dhíreach a dhéanamh ar chórais indibhidiúla freisin. Tugtar córais oidhreachta ar na córais PCT agus INFOSYS laistigh den Roinn agus tá i gceist go mbeidís corpraithe isteach de réir a chéile sa chóras Samhla Oibiachta Gnó nua (SOG) mar chuid de phróiseas nuachóirithe na Roinne.

##### **PCT**

Chun fáil ar an gcóras PCT déantar é a rialú trí úsáid a bhaint as cuntais úsáideoirí. Déantar cuntas úsáideora a chumrú ag eascairt as iarratas ó bhainisteoir gnó an úsáideora a shocraíonn an leibhéal rochtana atá de dhíth ar fhostaí áirithe chun tabhairt faoi ról a p(h)oist. Tugtar an fhaisnéis seo ansin don ghrúpa um ‘Rialú Rochtana ar Shonraí’, atá bunaithe i gCora Droma Rúisc, a údaraíonn an leibhéal rochtana atá le tabhairt don úsáideoir laistigh den chóras PCT agus a théann i dteagmháil le hoibríochtaí TF leis an úsáideoir nua a chumrú.

Tá eolas maith ar an bpróiseas laistigh den Roinn, cé nach raibh nós imeachta a bhí doiciméadaithe go foirmiúil maidir leis seo ar fáil le linn na cigireachta. Ní raibh an próiseas lena mbaintear úsáideoirí ón gcóras PCT (ag fágáil, ag dul ar shaoire mháithreachais, ag dul ar scor etc.) chomh soiléir sin. Níl aon nós imeachta doiciméadaithe amháin ann lena mbainfear úsáideoir ó chóras áirithe, lena n-áirítear an PCT. Tá rochtain ar an PCT faoi rialú córais rochtana úsáideora. Má bhaintear nó má dhíchumasaítear an cuntas seo, bainfear an rochtain ar gach córas eile, lena n-áirítear an PCT, freisin.

Tá an RGST ag bogadh i dtreo córais a dtugtar córas Comhadlainne Gníomhaí air a thugann pribhléidí rochtana do chórais bunaithe ar róil ar leith a dhéanfaidh soláthar do mheicníocht láraithe chun déileáil le húsáideoirí a fhágann. Léirigh an Roinn gur rinne sí obair shuntasach ar an gComhadlann Gníomhach agus leis seo éascófar an bealach a dhéileáiltear le ‘daoine a fhágann’ atá láraithe agus bunaithe ar pholasaí. Shonraigh sí go bhfuil obair mhór agus shuntasach i gceist le róil a shainmhíniú ar fud na Roinne agus lena chinntiú go gcláraítear an fhíric go bhfuil ball foirne ag fágáil. Dheimhnigh an Roinn go bhfuil an obair seo ar bun agus go leanfaidh sí ar aghaidh.

Tá acmhainn chuimsitheach logála agus iniúchóireachta ag an gcóras PCT ina ndéantar gach nuashonrú, athrú, rud breise, mionathrú, etc. a dhéantar ar thaifead PCT a thaifeadh agus a chur i gcartlann ina dhiaidh sin le haisghabháil amach anseo má tá sé de dhíth. Bhí laige sa chóras maidir leis seo a bhí aitheanta go maith ag an Roinn nuair a rinneadh an chigireacht. Rinne an Roinn obair fhorbartha ar leith i dtaca leis seo agus cuireadh i bhfeidhm í faoi dheireadh mhí Feabhra 2008.

## **INFOSYS**

Is áis cuardaigh ‘inléite amháin’ í INFOSYS ina ligtear d'úsáideoirí iarratais a chur isteach i mbunachair shonraí éagsúla na RGST. Déantar an rochtain d'úsáideoirí a shannadh cosúil leis an mbealach a dhéantar é leis an gcóras PCT, agus tá an bealach a dhéantar iarratas teoranta don leibhéal rochtana atá léirithe don úsáideoir ag a b(h)ainisteoir gnó. Díreach ar nós an PCT, níl aon nós imeachta soiléir atá doiciméadaithe go foirmiúil i bhfeidhm lena chinntiú go mbaintear úsáideoirí nach bhfuil rochtain de dhíth orthu a thuilleadh ón gcóras. Ach, déantar gach gníomhaíocht trí INFOSYS a logáil agus is féidir rian iniúchta iomlán de gach 'cuardach' a aisghabháil.

Tá líon mór gníomhaireachtaí seachtracha a bhfuil rochtain acu ar INFOSYS. Tá liosta a chuir an Roinn ar fáil ceangailte mar Aguisín 2. I dtaca leis seo, tugadh faoi deara go raibh líon cuntas agus pasfhocal cineálacha ar an gcóras chun rochtain a cheadú. Ní féidir na cuntais seo a shannadh ach do réimse ar leith – agus ní feidir iad a shannadh do dhuine ar leith. Dá bhrí sin ní bheadh sé indéanta rian iniúchta suntasach a sholáthar agus na cuntais sin in úsáid. Léirigh an Roinn go raibh clár córasach ann le cuntais den sórt sin a bhaint agus go leanfaidh sé seo ar aghaidh. Agus í ag tabhairt faoi seo, léirigh an Roinn nach mór di leanúint ar aghaidh go cúramach i dtaca leis an bhfíric go mbaintear úsáid as cuntais den sórt sin lena seirbhísí custaiméara a chur ar fáil agus nach mór go mbeadh roghanna seirbhíse eile i bhfeidhm sula ndúntar síos na cuntais. Ón uair a bhí an t-iniúchadh tá gach rochtain chineálach ar na córais INFOSYS agus PCT bainte anois



laistigh den Roinn. Tá obair ag leanúint ar aghaidh chun deireadh a chur le líon beag cuntas a mheasann an Roinn gur cuntais chineálacha iad atá in úsáid ag comhlachtaí seachtracha.

Dearbhaíodh leis an OCCS gur ardtosaíocht í an obair seo don Roinn.

### **Feidhmchláir Samhla Oibiachta Gnó**

Tá sé beartaithe go ndéanfaí gach córas oidhreacht den RGST a ionadú le córas bogearraí comhtháite amháin ina mbeidh áiseanna le haghaidh rialaithe rochtana atá i bhfad níos míne bunaithe ar ról. Tá plean deich mbliana i bhfeidhm le go mbeidh na bunachair shonraí ar fad athdheartha. Léirigh an Roinn nach bhfuil fráma ama leagtha síos leis na feidhmchláir uile a asnamh go dtí an tSamhail Oibiachta Gnó (SOG). Ach, aithníonn sí gur chóir go dtarlódh sé a luaithe agus is féidir agus a chinntiú go leantar ar aghaidh ag soláthar seirbhísí ag an am céanna. Mhínigh an Roinn go bhfuil an t-amscála ann go príomha toisc go bhfuil dhá thimpeallacht táirgeachta á bhfeidhmiú aici go bunúsach, le níos lú acmhainní ná mar a bhí ann roinnt blianta ó shin, agus tá a cuid scileanna á n-athrú agus á nuachóiriú aici ag an am céanna. Cúis eile a tháinig chun cinn mar gheall ar an easpa amscála shainithe ná gur timpeallacht chomhtháite í an SOG agus ní mór na hidirspéachta idir na córais agus na tosaíochtaí gnó ar leith a chur san áireamh ag am ar bith agus í á forbairt.

Cuirtear bunachair shonraí atá cruthaithe don SDM le chéile trí úsáid a bhaint as rud ar a dtugtar Ailtireacht Oibiachta Infheicthe. Déantar rochtain ar shonraí a choinnítear le haghaidh oibiachta gnó ar leith, e.g. Custaiméir trí áiseanna atá curtha ar fáil ag an oibiacht atá i gceist. Sa chás seo, beidh rochtain ag úsáideoirí ar thairfead custaiméara ar leith ach b'fhéidir go bhfaighidh siad méideanna difriúla sonraí ag brath ar a riachtanais chomhaontaithe.

Tá rochtain an úsáideora bunaithe ar chomhpháirt den SOG ar a dtugtar “Oibiacht Oifigigh” a leagann síos an rochtain ar an gcóras ar chritéir riachtanas gnó.

Tá an Logáil agus Iniúcháireacht uileghabhálach ar fud na timpeallachta SOG. Tarlaíonn an Logáil ag an leibhéal ‘léite’ agus os a chionn, agus cuirtear gach comhad loga i gcartlann i mbunachar sonraí cartlainne slán.

Ionchorpraíonn an córas córas seiceála rialaithe cáilíochta freisin. Déantar gach gníomhaíocht shuntasach (sainmhínithe mar ‘léite’ agus os a chionn) sa chóras a thairfeadh mar ghníomhaíocht aonair. Roghnaítear cuid de na gníomhaíochtaí sin go randamach agus marcáiltear iad le haghaidh rialaithe cáilíochta. Dáiltear iad ar oifigeach ar leith a dhéanfaidh athbhreithniú orthu agus iad a fhaomhadh trí úsáid a bhaint as teastais dhigiteacha. Baintear úsáid as teastais dhigiteacha go forleathan ar fud an SOG a sholáthraíonn slándáil atá ar ardchaighdeán.

Bhí an fhoireann iniúchta den tuairim nach raibh modheolaíocht aonfhoirmeach shoiléir ann a úsáidtear le bogearraí a fhorbairt i dtimpeallacht na SOG. Thug an fhoireann faoi deara go bhféadfaí cleachtais códaithe neamhchaighdeánacha a bheith in úsáid dá bharr, agus mhéadófaí an dóchúlacht go dtabharfaí leochaileachtaí slándála (fabhtanna) isteach

sa chóras thar tréimhse ama. Bheadh sé seo i bhfad níos tábhachtaí ansin agus an timpeallacht SOG ag bogadh i dtreo samhla bunaithe ar an nGréasán. Mar fhreagra air seo léirigh an Roinn go bhfuil an fhorbairt ar bhogearraí ag teacht i ndiaidh an chur chuige ar a dtugtar an cur chuige 'Aclaí' agus go bhfuil an cur chuige seo ag teacht chun cinn go seasta laistigh den Roinn.

Tá córais éagsúla tar éis bogadh chuig an SOG cheana féin. Tá na córais eile atá le bogadh chuig an gcreat SOG le bheith molta a luaithe agus is féidir toisc go mbeifí in ann na córais chuí a chur ar fáil le sonraí pearsanta a phróiseáil. Aithníonn an Roinn é seo. Mar atá sonraithe thuas léirigh sí go bhfuil dhá thimpeallacht táirgeachta á gcoinneáil aici agus go bhfuil sí i mbun an phróisis lena cuid scileanna inmheánacha a athrú. Agus a hinniúlacht á cur le chéile aici, tá comhaontú creata leagtha amach aici ina bhfuil a gcórais á n-ascnamh ag líon de Shuimeálaithe Córais seachtracha. Tá sé curtha ina luí aici nach mór di é seo a dhéanamh i mbealach atá freagrach agus éifeachtach ó thaobh costais de agus na seirbhísí atá ann cheana féin a chosaint i mbealach inar féidir na córais seo a choinneáil amach anseo. Ceist eile ar gá díriú uirthi maidir leis seo ná an riachtanas atá ann an rochtain ar na córais oidhreachta níos sine a bhaint nuair atá na sonraí bogtha. Is cosúil nár tharla sé seo maidir le córas amháin ar a laghad a bhog chuig an SOG go dtí seo. An tuairim atá ag an OCCS ná nach mór d'úsáideoirí gnó seasamh go hiomlán le riachtanas ar bith den sórt sin le córais a choinneáil ag feidhmiú sa mhód oidhreachta. Léirigh an Roinn go n-aithníonn sí go bhfuil sé inmhianaithe go mór na córais seo a scor a luaithe agus a cheadaítear iad leis na riachtanais gnó

## **4.2 Polasaithe & Cleachtais um Chosaint Sonraí**

### ***Aonad um Shlándaíl Faisnéise Gnó (ASFG)***

Bunaíodh an tAonad i 2004 agus tá sé mar chuid de Rannán Bainistíochta Riosca na Roinne anois. Mar sin féin, bhí sé ann roimh Rannán Bainistíochta Riosca na Roinne mar thoradh ar obair a choimisiúnaigh an Roinn faoi athbhreithniú a rinneadh ar a hAiltireacht um Shlándaíl Faisnéise.

Tá freagracht ar an ASFG ar fud na Roinne le slándaíl faisnéise a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun cinn sa Roinn. An fheidhm atá aici ná seirbhísí slándála gairmiúla a sholáthar ina bhfuil an gnó in ann bainistíocht riosca a thuiscint agus a bhainistiú. Tá an ról mar Cheannasaí um Shlándaíl Faisnéise sannta do Phríomhoifigeach a thagann ó laistigh den Rannán Bainistíochta Riosca a thuairiscíonn do Stiúrthóir an Rannáin. Cuireadh in iúl don Fhoireann go raibh an t-aonad ag díriú ar thrí phríomhbheart a chur i bhfeidhm chun tabhairt faoi shlándaíl na faisnéise laistigh den Roinn: “forbairt, comhordú agus cur chun cinn a dhéanamh”. Míníodh don Fhoireann go raibh cur chuige scoilte i dtaobh polasaithe um shlándaíl faisnéise go stairiúil sa Roinn go dtí gur bunaíodh an ASFG. Sular bunaíodh an ASFG, bhí an fhreagracht do na heilimintí éagsúla de shlándaíl faisnéise scaipthe i measc aonaid ghnó agus tacaíochta éagsúla agus rinne Coiste um Chosaint Faisnéise Gnó comhordú air ag leibhéal sinsearach. Is iad bainisteoirí sinsearach ó na rannáin ghnó agus tacaíochta chuí ar fad a bhí ar an gCoiste agus is é an Rúnaí Cúnta ar a bhfuil freagracht maidir le Pearsanra a bhí mar chathaoirleach air. Bunaíodh an post mar Cheannasaí um Shlándaíl Faisnéise agus an ASFG mar chuid de na

struchtúir rialaithe nua d'Ailtireacht um Shlándaíl Faisnéise. Mar bheart eile i dtreo comhdhlúthú a dhéanamh, bogadh an fheidhm um chosaint sonraí le déanaí ó laistigh de shainchúram an Aonaid Sheirbhísí Céannachta Cliant agus inchorpraíodh í isteach i limistéar freagrachta an ASFG. Thug an Roinn le fios, go bhfuil clár oibre forleathan ar bun aici ó 2003 chun dul chun cinn a dhéanamh agus Ailtireacht um Shlándaíl Faisnéise nua a chur i bhfeidhm. Sonraítear go gcuireann sé seo creat ar fáil chun tacú le dearadh, forfheidhmiú agus cothabháil na slándála faisnéise sa Roinn. I 2005, d'fhostaigh an Roinn comhairleoirí chun tacú le tionscadal Bainistíochta Riosca faisnéise (BRf) d'fhonn an próiseas bainistithe riosca faisnéise a chur i bhfeidhm tuilleadh laistigh den Roinn. Breathnaítear ar an tionscadal seo mar chuid lárnach de Chlár Bainistíochta Riosca iomlán na Roinne ina bhfuil sé mar aidhm ag an Roinn an dochar a laghdú a d'fhéadfadh eascairt as an easpa rúndachta, infhaighteachta nó ionracais dá hacmhainní faisnéise tábhachtacha. Cuireadh in iúl don Fhoireann go raibh measúnú riosca ar 16 phríomh-fheidhmchlár i gceist leis seo d'fhonn creat a fhorbairt chun feabhas a chur ar bhainistíocht um shlándaíl faisnéise. Leagadh béim ar an moladh gur chóir don Roinn clár leathan um shlándaíl faisnéise a chur i bhfeidhm chun tabhairt faoi na laigí a aithníodh thar tréimhse 3 go 5 bliana mar phríomhthoradh ó choimisiún na tuarascála seachtraí neamhspleáiche seo (a foilsíodh i mí Iúil 2006). D'aithin na comhairleoirí gur toimhdíodh leis an bhfráma ama seo nach mbeadh aon srianta acmhainní ann a chuirfeadh bac ar an am atá á chaitheamh le tionscadail aonair nó le hiltionscadail a réachtáil ag an am céanna. D'aontaigh siad freisin go mbeadh sé feiliúnach chun críochoa costais agus éifeachtachta tabhairt faoi anailís ar an méid ina dtabharfadh tionscadail atá ann cheana féin nó atá beartaithe faoi na rioscaí atá aitheanta sula gcuirfí plean oibre deifínídeach le chéile.

Cé nár bhreathnaigh an Fhoireann Iniúchta ar an tuarascáil sheachtrach neamhspleách a bhí i gceist, léirigh an Roinn go raibh dul chun cinn á dhéanamh leis na moltaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear socruithe rialachais athbhreithnithe, forfheidhmiú creata pholasaí, feasacht foirne fheabhsaithe, tástáil treáite inmheánach a dhéanamh agus réimse tionscadal slándála TF..

Tá béim leagtha ag an Roinn ar na tionscadail seo a leanas, a bhfuil eilimint chosanta sonraí acu agus atá mar chuid den Chlár Oibreacha forleathan 3-5 bliana den Bhainistíocht Riosca faisnéise (BRf) atá ag dul ar aghaidh in 2008:-

- Forbairt ar Chreat Bainistíochta Céannachta agus Rochtana (déanann an polasaí ardleibhéil a ceadaíodh i mí Eanáir 2008 soláthar don chomhthéacs de chlár leathan oibre);
- Nósanna imeachta agus próisis bainistíochta rochtana úsáideora a fhorbairt do gach feidhmchlár criticiúil gnó (I mí Eanáir 2008, rinneadh sraith Polasaí Rialaithe Rochtana Sonraí a fhaomhadh, agus an obair ag leanúint ar aghaidh i dtaca le forbairt na nósanna imeachta agus próiseas atá de dhíth le polasaí a chur i bhfeidhm agus le monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh);
- Sraith caighdeán agus treoirlínte Slándála Faisnéise a fhorbairt (go leanúnach i 2008);
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar oiliúint feasachta slándála agus tabhairt fúithi ar fud na Roinne (go leanúnach le linn 2008);

- Riachtanais Slándála Faisnéise, Córais Fhaisnéis Bainistíochta agus Tuarisicithe a shainiú agus a fhorbairt (le tosú in R3/2008);
- Samhail Rangaithe um Shlándáil Faisnéise a fhorbairt;
- Measúnuithe riosca ar fheidhmchláir chriticiúla ghnó a dhéanamh go rialta;
- Tástáil treáite;
- Rialuithe slándála Gléis Líonra feabhsaithe.

Chuir an Roinn in iúl nach bhfuil riachtanais don todhchaí curtha ar fáil go fóill, agus go mbeidh siad faoi thionchar mholtaí an Iniúchta, i measc rudaí eile.

Cuireadh an Fhoireann Iniúchta ar an eolas freisin maidir le Grúpa Rochtana Sonraí Ardleibhéil agus Athbhreithnithe Bainistíochta. Tá Oifigeach Pearsanra na Roinne, Stiúrthóir TFC agus Stiúrthóir an Rannáin Bhainistíochta Riosca mar bhaill den ghrúpa seo. Feictear go bhfuil tábhacht leis an bhforbairt seo le próiseas éascaithe a chur i bhfeidhm i dtaca le dul chun cinn a dhéanamh ar phleananna oibre agus chun tabhairt faoi laigí ar bith atá sna córais reatha. Tá i gceist go bhfeidhmeoidh an Grúpa seo chomh fada agus a cheaptar a bhfuil gá leis.

Chomh maith leis sin cuireadh an Fhoireann ar an eolas maidir le 'Coiste Riosca agus Oibriúchán' (CRO) ardleibhéil atá sa Roinn ina raibh cosaint sonraí mar mhír sheasta ar an gclár míosúil a bhí aige. Tá Cosaint Sonraí mar mhír sheasta ar chláir Chruinnithe Bhoird Bhainistíochta faoi láthair freisin.

### **Oiliúint Foirne**

Tá an fhoireann agus oifigigh TF ó laistigh den Roinn mar bhaill den *Fhóram um Shlándáil Faisnéise*, údarás aitheanta neamhspleách idirnáisiúnta ar shlándáil faisnéise. Mar chuid dá n-oiliúint ní mór d'Fhorbróirí Córais clár feasachta um shlándáil sonraí pearsanta a dhéanamh.

Cuireadh in iúl don Fhoireann ó tháinig na ceisteanna chun cinn arís maidir leis an nochtadh neamhúdraithe i 2007, tá clár feasachta foirne feabhsaithe tar éis a bheith curtha i bhfeidhm. Tá modúl cosanta sonraí mar chuid den chúrsa ionduchtaithe do gach iontrálaí nua agus tá cúrsa cosanta sonraí neamhspleách a bheidh ar siúl ar feadh leathlae á chur i bhfeidhm in oifigí réigiúnacha na RGST. Rinne an Fhoireann an clár seo a nótaíl agus leag sí béim ar an gcleachtas atá in eagraíochtaí eile maidir leis an mbealach a dhírítear ar an bhfoireann reatha chomh maith le hiontrálaithe nua. Ar an mbonn seo, thug an Fhoireann Iniúchta léargas ar an gcleachtas atá ag codanna den earnáil phríobháideach ar nós modúl oiliúna ar chosaint sonraí a chur i gcrích ar líne gach bliain. Rinne an Fhoireann tagairt freisin d'eagraíocht mhór san earnáil phríobháideach a rinne oiliúint cosanta sonraí a ionchorprú mar chuid dá clár dian-oiliúna lasmuigh dá láthair.

Léirigh an Roinn, ó cuireadh tús leis i 2004, go bhfuil an ASFG ag obair go gníomhach chun feasacht foirne ar shlándáil faisnéise a chur chun cinn trí chlár forleathan agus trí úsáid a bhaint as na meáin éagsúla. Ó thaobh na láithreoireachtaí foirmiúla, bhí fócas ar leith ar iontrálaithe nua agus ionduchtú bainistíochta líne, ach tá sé seo leathnaithe amach chun Oifigigh Faisnéise agus foireann lasmuigh a chur san áireamh. (e.g. rinneadh cur i

láthair le déanaí ar chosaint sonraí do 150 oifigeach). Tá teachtaireachtaí agus meabhrúcháin rialta ar líne, ailt in irisí na Roinne, agus fógraí oifige san áireamh sa chlár freisin. Tá athbhreithniú ar bun ag an Roinn faoi láthair ar an straitéis feasachta um shlándáil faisnéise d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an mbealach a bhféadfaí í a fheabhsú agus cuireann sí fáilte roimh mholtaí na Foirne Iniúchta maidir leis sin.

Cuireadh cóipeanna de threoirlínte agus polasaithe um chosaint sonraí chomh maith le caighdeáin slándála bonnlíne atá ann cheana féin ar fáil don Fhoireann.

Is iad seo a leanas na hacmhainní lánaimseartha atá ar fáil don ASFG: 1 Príomhoifigeach Cúnta /3 Ardoifigeach Feidhmiúcháin/1 Oifigeach Feidhmiúcháin. Leithdháileadh buiséad comhairliúcháin €500,000 i 2008 chun maoiniú a thabhairt do réimse tionscadal um shlándáil faisnéise agus breathnaítear orthu seo mar na heilimintí is láithrí agus is práinní den Chlár Oibreacha mar atá leagtha amach thuas.

### **Sárúithe/Nochtaí Sonraí agus na Gníomhaíochtaí Beartaithe le Feabhas a chur ar Rialuithe**

Cuireadh in iúl don Fhoireann gur tuairiscíodh seacht líomhain de shárúithe ó mhí Iúil 2007 a cuireadh faoina mbráid. Tá struchtúr nua tuairiscithe gearán i bhfeidhm a thosaigh sa ráithe deireanach de 2007 agus beidh sé faoi réir réamh-athbhreithnithe go luath. Cuirtear gach líomhain maidir le sárúithe tríd an ASFG anois le himscrúdú breise a dhéanamh orthu. Nuair a rinneadh an t-iniúchadh tugadh le fios go ndéanann an ASFG scrúdú ar an ‘loga rochtana’ do chomhad an chustaiméara atá i gceist. Is é atá i gceist le ‘loga rochtana’ go hiondúil ná taifead ar na fiosrúcháin, eagarthóireachtaí nó nuashonrúcháin uile a rinne duine aonair ar chórais eagraíochta trí úsáid a bhaint as ainm úsáideora agus pasfhocal ar leith. Scrúdaítear treochtaí/patrúin rochtana neamhghnácha agus más gá, cuirtear an comhad ar aghaidh le tuilleadh imscrúdú a dhéanamh air go himmheánach, lena n-áirítear, más cuí, an Rannán Acmhainní Daonna a d'fhéadfadh fostaí ar bith ar ábhar inmí é dó an patrún rochtana atá acu a chur faoi agallamh agus cinneadh a dhéanamh má tá gníomh araíonachta de dhíth/maidir leis an ngníomh araíonachta atá de dhíth ag brath ar gach cás.

Léirigh an Roinn gur cuireadh tús le nósanna imeachta athbhreithnithe a tháinig i bhfeidhm ó mhí Aibreáin 2008, mar seo a leanas: Cuirtear na gearáin uile maidir le sárú cosanta sonraí ar aghaidh chuig an ASFG a dhéanann taifead dóibh. Cuireann an ASFG an gearán ar aghaidh chuig an tAonad Tacaíochta Rialaithe Inmheánach (ATRI), atá mar chuid d'Oifig an Stiúrthóra Réigiúnaigh (OSR), le himscrúdú a dhéanamh air. Tá an ATRI faoi shainchúram ar fud na Roinne maidir le sárúithe líomhnaithe cosanta sonraí. Iarrann an ATRI ‘logaí rochtana’ maidir le taifead an chustaiméara atá i gceist. Scrúdaítear agus imscrúdaítear treochtaí / patrúin rochtana neamhghnácha de réir mar is cuí. Má bhunaítear gur tharla sárú ar shonraí custaiméara rúnda, cuirtear an t-ábhar ar aghaidh chuig Acmhainní Daonna le breithniú a dhéanamh air le haghaidh gnímh araíonachta (faoi Chód Araíonachta na Roinne) suas go dtí dífhostú féideartha agus dífhostú féideartha san áireamh. Cuirtear é in iúl don ASFG agus coinnítear taifead lárnach de thorthaí na n-imscrúduithe uile.

## ***Oifig an Stiúrthóra Réigiúnaigh - Aonad Tacaíochta Rialaithe Inmheánach (ATRI)***

Bunaíodh an tAonad Tacaíochta Rialaithe Inmheánach (ATRI) i 2006. Na príomhfheidhmeanna atá aige ná scrúdú, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chleachtais agus nósanna imeachta rialaithe inmheánacha laistigh den líonra Oifige Áitiúla/Brainse; comhairle agus tacaíocht a thabhairt ar ábhair a bhaineann le rialú inmheánach agus cásanna de chalaois amhrasta agus nó sáruihte a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le slándáil sonraí. Bhí easpa soiléireachta ann nuair a rinneadh an t-iniúchadh maidir leis an méid a chlúdaigh an raon imscrúdaithe seo agus bhí tuairimí áirithe ann nár bhain sé ach le rochtain neamhúdraithe i láithreacha réigiúnacha agus nár bhain se leis an gCeannoifig. Mar atá léirithe thuas ag an Roinn tá an seasamh seo soiléirithe anois.

An príomhról atá ag an ATRI ná i dtaca le déileáil le calaois agus tugadh faoi deara go raibh córais láidre maidir leis seo i bhfeidhm. Chomh maith le haonad imscrúdaithe chalaoise roinne a bhunaigh an Rannán Bainistíochta Riosca dhá bhliain ó shin, tá foirne imscrúdaithe chalaoise ag feidhmiú sa Roinn a thuairiscíonn do bhainisteoirí réigiúnacha. Tugann na foirne réigiúnacha faoi imscrúduithe ar na hOifigí Áitiúla (OÁ) agus Oifigí Brainse ag déanamh measúnú ar a gcomhlíonadh le nósanna imeachta rialaithe inmheánacha atá leagtha síos. Go hiondúil glacann na cigireachtaí 2-3 lá d'OÁ agus leathlae d'Oifig Brainse. Baineann na foirne úsáid as doiciméad cigireachta cineálach. Ní thugtar faoi cheisteanna cosanta sonraí sa doiciméad seo faoi láthair. Léirigh an Roinn go bhfuil Polasaí Rialaithe Inmheánach á dhréachtú faoi láthair maidir leis seo.

Eisíonn an ATRI fógraí agus meabhrúcháin oifige lena chur in iúl go bhfuil an t-aonad ann agus lena chur i gcuimhne don fhoireann maidir lena cúraimí i dtaobh nósanna imeachta rialaithe inmheánacha atá leagtha síos, agus iad siúd a bhaineann le cosaint sonraí ina measc.

Chomh maith leis sin, tugann na Foirne Bainistíochta Réigiúnacha (FBR) faoi chigireachtaí ar na hOÁ leis an mbealach a chomhlíonann siad na nósanna imeachta rialaithe inmheánacha atá leagtha amach. Tugann OÁ atá freagrach as Oifig(i) Brainse faoi chigireachtaí den sórt sin san Oifig/sna hOifigí Brainse.

Nuair a rinneadh an t-iniúchadh thug an ATRI le fios go raibh sé i mbun déileáil le 5 chás sáraithe a tuairiscíodh.

Ní fostaithe den RGST iad bainisteoir na hOifige Brainse agus na baill foirne ach feidhmíonn siad ar conarthaí (féach thíos ar an gcrúinniú a tharla ina dhiaidh le hAcmhainní Daonna). Tugann bainisteoir na hOÁ faoi 2-3 chigireacht brainse in aghaidh na bliana, ach ní bheadh gné ar leith maidir le cosaint sonraí ina measc. Shonraigh an tAonad Imscrúduithe Speisialta go bhfuil siad ag obair chun réiteach a fháil maidir leis na teimpléid chigireachta a úsáidtear do chigireachtaí den sórt sin.

Is córas iniúchta bainistíochta é an Córas Faisnéise Idirbheartaíochta (CFI) ina roghnaítear go randamach % de na hidirbhearta a rinneadh ar a chóras íocaíochtaí gearthearma (ISTS) le gur féidir leis an mBainisteoir Oifige Áitiúil iad a sheiceáil. Mura

bhfuil an líon riachtanach seiceálacha déanta, cuirtear é seo in iúl don ATRI leis an ngníomh cuí a ghlacadh. Cheap an Fhoireann Iniúchta gur bealach é seo le tuilleadh monatóireachta a dhéanamh ar chomhlíonadh na riachtanas cosanta sonraí ag leibhéal oifige áitiúla. Léirigh an Roinn, mar sin féin, nach bhfuil an fheidhmiúlacht ag an CFI san fhormaid ina bhfuil sé faoi láthair le gur féidir leis rochtain ‘fiosraithe nó léite’ a roghnú go randamach le seiceáil a dhéanamh, ach tá sí ag fiosrú faoi roghanna eile atá ann le tabhairt faoin gceist seo.

Fuarthas amach le linn cruinnithe le hAcmhainní Daonna go bhfógraítear poist bainisteora bhainse sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta agus baineann na hiarratasóirí rathúla conradh amach leis an RGST. Sonraítear sa chonradh gur coinníoll den cheapachán é go mbeidh an bainisteoir brainse freagrach as a chinntiú go ndéantar rochtain ar chóras ríomhaire na Roinne chun críocha oifigiúla amháin, agus nach mór dó/dí é/í féin a chur ar an eolas maidir le Polasaí um Chosaint Faisnéise Gnó na Roinne agus a chinntiú go gcomhlíonann gach ball foirne den OB leis na riachtanais seo. Íocann an Roinn é/í ag brath ar líon na mball foirne ach is ábhar é don bhainisteoir brainse foireann a earcú. Ní mór do bhail foirne den sórt sin conradh a shíniú leis an mbainisteoir brainse agus an tAcht um Rúin Oifigiúla, an tAcht um Shaoráil Faisnéise agus Ciorclán 3/89 na Roinne Airgeadais a dhéileálann le cosaint sonraí a shíniú.

Ní raibh an Roinn in ann cóip den chonradh foirne a chur ar fáil don Fhoireann – sonraíodh go raibh sé seo lasmuigh de shainchúram na Roinn toisc gurbh ábhar é don bhainisteoir brainse. Tá rochtain ag duine ar bith a earcaítear tríd an mbealach seo ar an gcóras CGC (Córais Ghearrthearma Chomhtháite) ina bhfuil buntáistí ann a bhaineann le faisnéis agus inar féidir éileamh a bhunú agus a choimeád, ach nach féidir éileamh a údarú/cheadú.

Bhí sé soiléir ón méid thuas ó thaobh peirsipictíochta cosanta sonraí go bhfuil bainisteoir brainse ag feidhmiú mar phróiseálaithe sonraí don Roinn agus go bhfuil sé/sí freagrach go hiomlán as rochtain ar bith ar shonraí pearsanta a dhéanann bainisteoirí brainse agus an fhoireann atá fostaithe acu. Léirigh an Roinn go dtuigeann sí an fhreagracht dlíthiúil seo atá uirthi.

### **4.3. Cigireacht ar Rannáin agus Córais ar Leith**

#### **4.3.1 Sochar Tinnis**

Roghnaíodh an rannán seo le cigireacht a dhéanamh air de bharr an íogair ar leith a bhaineann leis agus an raon sonraí pearsanta a phróiseáiltear ann. Tá idir 270-280 ball foirne ag obair sa rannán seo. Cuireadh in iúl don Fhoireann go gcuirtear oiliúint cosanta sonraí ar gach ball foirne nua mar chuid de chúrsa ionductaithe ginearálta na Roinne. Chomh maith leis sin, bíonn cruinniú duine le duine acu lena mbainisteoir faoi seach (Príomhoifigeach Cúnta) ina dtugtar léargas dóibh maidir le híogaireacht na sonraí agus freagrachtaí na foirne maidir leis an bhfaisnéis a mbeidh cead rochtana acu uirthi go laethúil. Scaipeann an rannán fógra cosanta sonraí freisin gach bliain ina n-iarrann siad síniú ó na baill foirne ina ndeimhnítear gur léigh siad agus gur thuig siad an t-ábhar atá ann. Léirigh sé freisin go ndéantar oiliúint inmheánach sna brainsí de ghnáth leis na

príomh-nósanna imeachta a threisiú, e.g., aitheantas na nglaoiteoirí chuig an aonad a fhíorú etc.

Chomhlíon an Fhoireann an córas beo – CGC – agus próiseáil na bhfoirmeacha a bhaineann go háirithe le héilimh chun leanúint leis an Sochar Tinnis. Tá an rochtain ar chórais ar leith ar fáil don fhoireann trí leathanach roghchlár. Ach ní féidir leis an bhfoireann ó Shochar Tinnis rochtain a dhéanamh ar gach mír ar an roghchlár. Tá rochtain ar a dtugtar rochtain teoranta cuardaigh ag an bhfoireann san aonad ar an gcóras PCT d'fhonn an cháilitheacht do shochar tinnis (e.g. ní mór don fhoireann a sheiceáil nach bhfuil pinsean á éileamh nó má fheiceann siad go bhfuil liúntas aontuismitheora á íoc, ansin ní bhfaigheadh an t-éilitheoir ach leath de shuim an tsochair tinnis). Bheadh rochtain ar a dtugtar rochtain ‘nuashonraithe’ ag grúpa níos lú den fhoireann d'fhonn obair cothabhála custaiméirí a dhéanamh ar an PCT nuair atá éileamh á chlárú nó le linn tréimhse éilimh ar nós dáta breithe a cheartú nó pósadh a thaifeadadh.

Tugadh faoi deara freisin go bhfuil faisnéis a bhaineann le riochtaí sláinte ar an CGC srianta do chatagóir réamhshocraithe ar leith a roghnú ón roghchlár anuas.

Ó thaobh an gcomhad páipéir, cuirtear na foirmeacha éilimh sochair tinnis (MC1 & MC2) i gcomhaid ar dtús ar urlár na hoifige agus coinnítear iad chomh fada agus a fhanann éileamh oscailte. Bhreathnaigh an Fhoireann ar na comhaid éileamh gníomhacha atá i gcomhaid i gclúdaigh thrédhearcacha i limistéar plean oscailte. Stóráiltear na teastais dochtúra iad féin ar leithligh i limistéar séalaithe le rochtain teoranta. Ina dhiaidh sin cuirtear na héilimh i gcomhaid i stóras na gcomhad san íoslach ar feadh sé bliana chun críocha iniúchta sula scroistear iad.

Ní dháiltear comhaid fhisiceacha ar dhuine aonair ar bith de réir ainm ach tá taifead leictreonach ann ar féidir a aisghabháil tríd an CGC do gach duine a chuir éileamh isteach. Tá rochtain le cárta ar an limistéar comhdaithe an íoslaigh ina stóráiltear na comhaid sochair tinnis i limistéar ar leith atá faoi ghlas.

Rinneadh iniúchadh ar an limistéar seo. Sular thángthas ar an limistéar atá faoi ghlas, aimsíodh líon substainteach de chomhaid éilimh i gcliathbhoscaí lasmuigh den bhealach isteach chuig limistéar atá díreach in aice leis an ardaitheoir. Ba léir gur riosca slándála é seo do na sonraí atá i gceist agus ghlac an Roinn go hiomlán leis seo agus déileáladh leis an gceist laistigh de dhá lá den iniúchadh. Mhínigh an Roinn i dtaobh chúlra an teagmhais seo go raibh uirthi na sean-duillíní uile (do na blianta 2000 go 2007) a bhaint ó na seilfeanna leis na seilfeanna a uasghrádú i limistéar an íoslaigh. Stóráladh na duillíní i gcliathbhoscaí le huimhreacha orthu. Stóráladh na gcliathbhoscaí chomh fada agus is féidir sa limistéar atá faoi ghlas. Ach, de bharr líon mór na gcliathbhoscaí stóráladh cliathbhoscaí áirithe mar bheart an-sealadach i limistéar an ardaitheora. Ba chliathbhoscaí dúnta iad na cliathbhoscaí a stóráladh ceann amháin os cionn an cheann eile. Measann an Roinn nach mbeifí in ann páipéir éilimh a bhain le duine aonair ar leith a fháil ó na cliathbhoscaí toisc nach raibh aon aitheantóirí ar na cliathbhoscaí a thug léargas ar an ábhar a bhí iontu.



Níl cead rochtana ar an limistéar ina raibh na cliathbhoscaí stóráilte ach amháin ag foireann RGST nó daoine aonair údaraithe. Déantar monatóireacht air freisin trí cheamara faireachais.

#### **4.3.2 Aonad na Staitisticí**

Roghnaíodh an t-aonad seo mar chuid den iniúchadh chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal agus cineál faisnéise a chuirtear ar fáil d'aonad na staitisticí ionas gur féidir leis a fheidhm a chur i gcrích. Bhí sé seo ann chun cúnaimh a thabhairt i measúnú féachaint an raibh na nósanna imeachta i bhfeidhm chun rochtain ar shonraí pearsanta a chur ar fáil ar bhonn riachtanais laistigh den Roinn.

Mar chuid den phróiseas seo, rinne an fhoireann iniúchta scrúdú ar theirminéal Roinn an Ardoifigigh Fheidhmiúcháin. Le hiniúchadh ar na sonraí pearsanta ar an ríomhaire pearsanta léiríodh sliocht de chóras íocaíochtaí leasa i bhformáid excel ina raibh mionsonraí d'éilimh scéimeanna uile an Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus scéimeanna a bhaineann leo oscailte ar dháta ar leith a fuarthas tríd an FTP chuig an ríomhaire pearsanta. Is é atá sa sliocht ná scarbhileog ina bhfuil réimsí forleathana de sonraí pearsanta lena n-áirítear an UPSP, seoladh agus sonraí pearanta bainc i dtaca le tuairim is 300,000 duine aonair. Fuarthas amach nach raibh de dhíth ach líon beag de na réimsí ina raibh sonraí neamh-inaitheanta leis na tascanna staitisticí cuí a chur i gcrích ar bhonn leanúnach. Fuair an Fhoireann amach freisin go bhféadfaí an scarbhileog a íoslódáil chuig deasc an duine agus go raibh an tairseach USB gníomhach ar an inneall. D'fhéadfaí an fhaisnéis a sheoladh trí ríomhphost freisin ina formáid reatha.

Dealraítear nach bhfuil aon chúis shoiléir ann ar an bhfáth go ndéanfaí ábhar ina bhfuil sonraí rúnda den sórt sin a scaipeadh an bealach seo. Faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 mheasfaí go mbeadh leibhéal sonraí den sórt sin iomarcach. Mhínigh an Roinn go bhfuil an sliocht a sheoltar ar aghaidh chuig an Aonad Staitisticí teoranta go sonraí neamh-inaitheanta mar atá sonraithe ag Aonad na Staitisticí ó 13 Aibreán 2008.

Fuarthas amach freisin le linn an iniúchta go scaiptear an sliocht go forleathan laistigh den Roinn. Moladh go ndéanfaí athbhreithniú láithreach ar ábhair shliocht an chórais agus ar liosta na bhfaighteoirí a scaiptear í orthu.

#### **4.3.3 Sochar Linbh ACMS**

Rinneadh an Córas Sochair Linbh ACMS a ascnamh isteach i bhfeidhmiúlacht nua an chórais SOG mar a léiríodh níos luaithe. Ní dhéantar é a chothabháil ná ní dhéantar monatóireacht air a thuilleadh san fhoirm oidhreachta. Baineann líon an-bheag úsáideoirí atá bunaithe i rannóg Shochar Linbh na RGST i Leitir Ceanainn úsáid as ACMS chun críocha sonraí a bhailiú maidir le héilimh stairiúla (tuairim is 15 in aghaidh an lae, ar fáil do 80 úsáideoir). Ní chuireann an feidhmchlár ach 'fiosrúcháin' amháin ar fáil. Déantar gach fiosrúchán a logáil. Níl rochtain ar fáil trí INFOSYS. Agus sonraí á n-aistriú chuig na córais nua, rinneadh cinneadh gan ach sonraí ó 2002 a aistriú. Dá bhrí sin níl sonraí stairiúla ar fáil tríd an gcóras nua.

#### **4.3.4 Teastais Dochtúra**

Baintear úsáid as an gcóras Teastas Dochtúra chun faisnéis a stóráil agus rochtain a dhéanamh uirthi i dtaobh na ndochtúirí a chuireann teastais dochtúra ar fáil d'othair le húsáid i gcomhthéacs na n-éileamh do shochair éagsúla.

Sa chóras Teastas Dochtúra tá taifeadadh déanta ar mhionsonraí na ndochtúirí ar a n-eisítear an teastas, lena n-áirítear uimhir phainéil, ainm agus seoladh, UPSP an othair agus taifead gur iarradh / rinneadh tuarascáil ar leith.

Tá an bunachar sonraí Teastas Dochtúra ar fhreastalaí a bhfuil rochtain air ag grúpa mór daoine. Mhínigh an Roinn ina leith seo, nach bhfuil gach duine a bhfuil rochtain acu ar an bhfreastalaí in ann rochtain a dhéanamh ar an mbunachar sonraí. Níl rochtain ar an mbunachar sonraí ar fáil ach amháin ag daoine a bhfuil rochtain acu ar an gcomhroinnt comhaid áirithe sin. Sa chumraíocht reatha den chóras, bheadh duine ar bith sa ghrúpa sin (mar aon le daoine eile lasmuigh den ghrúpa sin – bheadh tástáil teicniúla de dhíth le líon na ndaoine a bheadh i gceist a chinntiú) in ann cóip den bhunachar sonraí seo a thógáil chuig a ríomhaire pearsanta, agus é a sheoladh trí ríomhphost nó a phriontáil, nó gléas stórála seachtrach (eochair USB, seinnteoir MP3 ect.) lasmuigh den eagraíocht. Níl an Roinn in ann an cineál seo gníomhaíochta a rianú.

Tá an bunachar sonraí faoi chosaint ag pasfhocal 'cineálach' a bhfuil líon mór daoine ar an eolas faoi. Tá laige leis an meicníocht pasfhocail agus bheadh sé éasca go leor é a bhriseadh. Thug an Roinn le fios go bhfuil tuairim is 22 úsáideoir ar an eolas faoin bpassfhocal 'cineálach' ar an gcóras chomh maith le baill foirne tacaíochta teicniúla. D'fhonn úsáid a bhaint as an bpassfhocal 'cineálach' seo ní mór don úsáideoir a bheith logáilte isteach sa líonra trí phasfhocal aonair.

Tá logáil, iniúchadh agus rianú teoranta ar bun maidir leis na hidirbhearta a tharlaíonn laistigh den bhunachar sonraí. Ní raibh sé go hiomlán soiléir maidir le gníomhaíocht na logála, más ann dó é, a bhfuil curtha ar fáil dó ag an iarratas.

Tá ollchóiriú den iarratas ar Theastais Dochtúra de dhíth d'fhonn leibhéal slándála atá ar cómhéid leis na sonraí atá stóráilte sa bhunachar sonraí a chur ar fáil. Tá laigí sna bearta slándála a chuirtear ar fáil faoi láthair agus níl caighdeáin na geleachtas is fearr á gcomhlíonadh i gcatagóir ar bith dá bharr. Tugadh faoi deara go bhfuil sé beartaithe an feidhmchlár seo a bhogadh chuig an ardán SDM uair éigin sa todhchaí. Léirigh an Roinn go bhfuil sé seo le tarlú mar chuid d'asnamh an chórais agus gur eisíodh RFT.

#### **4.3.5 CGC (Córais Ghearrthearma Chomhtháite)**

Clúdaíonn CGC 3 réimse: Liúntas forlíontach don Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Tinnis (mar atá léirithe thuas) agus Máithreachais. Bunaíodh é i 1995 agus tá i gceist é a thiontú go SDM taobh istigh de 4-5 bliana.

Tá inniúlacht logála agus iniúchta ag an gcóras CGC áit a ndéantar taifeadadh ar gach nuashonrú, athrú, méid breise, mionathrú etc., agus a gcuirtear i gcartlann iad ina dhiaidh sin má bhíonn siad de dhíth amach anseo. Faoi láthair tá laige amháin shuntasach den

mheicníocht logála agus iniúchta: scaiptear liosta úsáideoirí le ról áirithe acu go míosúil, mar a thuigtear, ar an mbainistíocht áitiúil, a thuiriscíonn ar ais an bhfuil an rochtain míchuí nó nach bhfuil úsáideoir de dhíth a thuilleadh. Níl an fhoireann in ann ach éilimh atá bunaithe ina láthair (oifig) féin a nuashonrú. Tá eisceacht ann áit a bhfuil oifig brainse sannta d'OÁ freisin. Sa chás seo, tá an fhoireann ón OÁ leis na ceadanna rochtana cuí in ann éileamh a nuashonrú ón oifig brainse. Baineann eisceacht bhreise le foireann áirithe den OÁ atá údaraithe chun éilimh Sochair Tinnis a chlárú nó a dheimhniú.

Tá cead rochtana ar CGC ag tuairim is 3,500 ball foirne den RGST agus ag 1,110 ball foirne den FSS freisin. Measann an Roinn go bhfuil riachtanas gnó ag na húsáideoirí CGC seo ar fad le rochtain a dhéanamh ar an gcóras. Mar sin féin, is ábhar inní é don OCCS go bhfuil an líon seo iomarcach agus tá sé deacair é a chosaint ó thaobh peirspictíochta riachtanais. Tá sé seo níos measa fiú leis an laige córais atá aitheanta thuas. Mar fhreagra air seo, thug an Roinn le fios go bhfuil sí sásta go bhfuil gá leis na cuntais CGC uile le tabhairt faoina gnó i gceart. Shonraigh sí, cé go bhféadfadh sí athbhreithniú a dhéanamh ar an líon agus ar an leibhéal rochtana atá ag gach úsáideoir ar an gcóras, toisc gur córas comhtháite é an CGC a chlúdaíonn líon de na príomhscéimeanna atá faoi riar na Roinne, ní dócha go laghdófaí líon na n-úsáideoirí a bhfuil rochtain ar an gcóras de dhíth orthu go mór lena leithéid athbhreithnithe. D'iarr an Roinn freisin ar an FSS iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais INFOSYS agus CGC lena chinntiú nach gcuirtear rochtain ar na córais seo ar fáil ach amháin don fhoireann a bhfuil rochtain de dhíth orthu.

#### **4.3.6 Seirbhísí Céannachta Cliant (SCC)**

Bhunaigh an RGST SCC i 2000. Díríonn sé anois ar bhunfheidhmeanna áirithe: mar aonad cláraithe a dhéanann monatóireacht ar an ngníomhaíocht chláráithe uile den UPSP ar fud na tíre agus mar aonad ar leith le freagracht do cheisteanna bainistíochta cáilíochta sonraí. Idir an meántearma agus an fadtearma tá sé beartaithe tabhairt faoi thionscadal athsholáthair UPSP ina bhféadfadh digit bhreise a bheith curtha leis an struchtúr UPSP atá ann cheana féin nó ina bhféadfaí ollchóiríú iomlán a dhéanamh ar an uimhir seirbhísí poiblí.

#### ***Suirbhé Calaoise & Earráide***

Rinne Rannán Rialaithe na Roinne Suirbhé Calaoise agus Earráide ar phróiseas leithdháilte na huimhreach UPSP. Cuireadh cóip den suirbhé ar fáil don OCCS. Sa suirbhé measadh nach raibh ach 0.5% de na clárúcháin UPSP calaoiseach (5 chás as gach 1,000 cás) agus níor aithníodh ach ceann amháin de na hiarratais chalaioiseacha roimh an UPSP a leithdháileadh. Tháinig earráidí (i gcodarsna calaoise) chun cinn mar phríomhábhar inní le hearráidí iontrála sonraí ag cur isteach go díreach ar cháilíocht na sonraí. Ó fuarthas torthaí an tsuirbhé, tá tuilleadh béime leagtha ag an SCC ar iontráil agus fíorú sonraí, agus tá sraith treoirínite curtha le chéile acu don fhoireann uile a chuireann sonraí isteach nó a dhéanann iad a fhíorú agus eagraíodh seimineáir don fhoireann a thugann faoi cheisteanna bainistíochta cáilíochta sonraí go háirithe.

#### ***An tAcht Leasa Shóisialaigh (2007)***

Míníodh don Fhoireann gur tugadh isteach 3 bheart breise leis an Acht thuas chun gníomhú i gcoinne calaoise nó mí-úsáide UPSP:

- Nuashonrú an Achta Leasa Shóisialaigh 2007 gur cion é soláthar doiciméadaithe bhréagaigh chun tacú le hiarratas le haghaidh UPSP.
- Tá forálacha in Acht 2007 freisin go bhfuil an t-údarás cláraithe, i.e., RGST in ann doiciméid a mheastar a bheith amhrasach a choinneáil ar feadh tréimhse 21 lá.
- Leis an Acht seo freisin baineadh an stádas den Phost mar chomhlacht ar leith leis an UPSP a úsáid. Rinneadh leasú ar stádas an Phost mar ghníomhaireacht le feidhm ar leith maidir le híocaíochtaí a bhaineann le scéimeanna cosúil leis na róil theoranta atá ag eintitis eile den earnáil phríobháideach i dtaca le húsáid an UPSP.

### ***Cárta Seirbhísí Poiblí***

***Leis an Acht Leasa Shóisialaigh 2007 rinneadh leasú freisin chun leathnú amach a dhéanamh ar Chéannacht Seirbhíse Poiblí (CSP) an duine aonair le go mbeadh grianghraf, síniú agus deimhniú báis (más ann dó é) an duine inti.***

Tá an SCC ag obair i dtreo cárta seirbhísí poiblí a chur i bhfeidhm san Fhómhar 2008 ar bhonn céimnithe. Aontaíodh go mbainfidh an chéad eisiúint den chárta seirbhíse poiblí le Saorthaisteal agus go mbeidh feidhmiúlacht ticéadaithe chomhtháite leis. Is gá na cinntí deiridh a dhéanamh go fóill ar nós na heilimintí CSP a bheidh ar an gcárta agus ceisteanna a bhaineann leis an mbrandáil. Thug an Roinn le fios go gcoinneoidh sí an OCCS ar an eolas maidir leis na moltaí agus go dtabharfar an deis di tuairim a thabhairt.

Sonraíodh nach bhfuil i gceist ag an SCC ach an fhaisnéis atá de dhíth leis na seirbhísí ar chláraigh saoránach dóibh a fhíordheimhniú a chur ar an gCárta Seirbhísí Poiblí (CSP). Beidh sonraí 'caolchliant' ar an CSP atá le cur i bhfeidhm gan sonra ar bith a bailíodh ar an gcárta a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí duine aonair a léiriú nó a chomhiomlánú. Ní bheidh an fhaisnéis chuí atá de dhíth le hiarratas ar sheirbhís a fhorlíonadh coinnithe ach amháin ar cúl ag an soláthraí seirbhíse atá i gceist e.g., Iarnród Éireann. Lorg an OCCS soiléiriú an mbeadh úsáid an chárta sheirbhísí poiblí roghnach chun úsáid a bhaint as na seirbhísí poiblí. Mhínigh an Roinn ina leith seo nach mbeidh ar an tsliis nó ar an gcárta é féin ach an fhaisnéis atá de dhíth leis an duine aonair a fhíordheimhniú. Beidh slis eile ar chártaí áirithe chun cabhrú le duine atá incháilithe chun tairbhe a bhaint as an Scéim Saorthaistil trí úsáid uathoibrithe an líonra thicéadaithe chomhtháite atá in úsáid ag an Roinn Iompair. Ó thaobh 'chineál roghnach' an CSP, ní bheidh sé mar riachtanas gur chóir go mbeadh ceann ag gach duine chun críocha aitheantais. Ach, beidh an CSP in ann gníomhú mar eochair an duine aonair do sheirbhísí poiblí. Mar achoimre, cé go mbeidh úsáid an CSP roghnach i gcoitinne, ní bheidh daoine in ann úsáid a bhaint as an scéim Saorthaistil gan an CSP nuair atá an scéim curtha i bhfeidhm.

### ***Malartú/Comhroinnt Faisnéise***

***Lorgaíodh soiléiriú maidir leis an iontaoibh oibríochtúil atá curtha ar Alt 261 (malartú faisnéise leis na Coimisinéirí Ioncaim, Roinn Rialtais eile, nó***

**comhlacht poiblí) agus Alt 265 (comhroinnt faisnéise idir comhlachtaí ar leith) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005. D'eascair an gá le soiléiriú a fháil sa réimse seo as an inní a bhí ann maidir leis an méid comhroinnte agus malartaithe fhaisnéise a bhí ar bun idir comhlachtaí poiblí eile agus laistigh den Roinn ar an iomlán. Bhí ceangal leis an bhfócas ar na forálacha seo agus an iontaoibh atá méadaithe ar an UPSP a úsáid le go ndéanfaidh comhlachtaí poiblí seirbhísí a sholáthar. Rinneadh soiléiriú go ndéanann an SCC cleachtaí meaitseála sonraí agus malartú sonraí le comhlachtaí ar leith de réir fhorálacha Alt 265. Braitheann malartuithe sonraí idir an Rannán Rialaithe agus raon comhlachtaí eile ar fhorálacha Alt 261. D'fhiosraigh an Fhoireann maidir leis na paraiméadair a bhí ann le faisnéis a chomhroinnt agus cad iad na cásanna ina raibh comhroinnt den sórt sin dlisteanach, toisc go raibh an chuma air go raibh éagsúlacht i gceist in ailt áirithe (261-271). Cuireadh an Fhoireann ar an eolas ina leith seo go raibh soiléiriú á lorg ó Chomhairleoir Dlí na Roinne maidir le scóip Alt 261, agus forálacha 265 á gcur san áireamh. Idir an dá linn, déanann SCC cleachtaí 'meaitseála sonraí' in ionad 'malartuithe sonraí'.**

Thar tréimhse na bliana deirí, fuair Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí líon iarratas atá ag méadú i gcónaí ag lorg comhairle ar thionscadail nó scéimeanna atá maoinithe go poiblí ina bhfuil bailiúchán an UPSP i gceist. Le linn an iniúchta bhreathnaigh an Fhoireann ar réimsí ar leith ina raibh fadhbanna. I gcásanna éagsúla, thug an Oifig le fios go mheasfaí úsáid an UPSP chun críche nach bhfuil sonraithe sa reachtaíocht nó chun críche nach bhfuil tagairt déanta dó i gClár Úsáideoirí an UPSP (<http://www.welfare.ie/topics/ppsn/rou.html>) atá coinnithe ag an RGST a bheith iomarcach agus neamhbharántaithe faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Tá tábhacht ar leith le Clár Úsáideoirí an UPSP mar fhoinse thagartha ag an Oifig seo. Ach, chomh maith leis sin tá an-fhreagracht ar an Roinn maidir leis an úsáid a bhaineann comhlachtaí as an UPSP nach bhfuil sonraithe lena úsáid chun críche ar leith. Is cion é faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) é sin a dhéanamh agus léirigh an Roinn go nglacfaidís lena ról forfheidhmithe sa réimse seo. Léirigh sí go bhfuil sí freagrach as an UPSP a eisiúint tar éis próisis chláraithe chaighdeánaigh. Tá na húsáidí ar féidir a bhaint astu leis an UPSP sonraithe ina reachtaíocht agus i reachtaíocht comhlachtaí eile (e.g. Achtanna Airgeadais) chomh maith le bheith faoi réir reachtaíochta Cosanta Sonraí.

Tá líon doiciméad ag an Roinn ar a suíomh Gréasáin ([www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)) a leagann amach úsáid an chóid UPSP, cód cleachtais d'úsáideoirí údaraithe chomh maith le clár ábhair uathu seo a léiríonn an chaoi agus an chúis a mbaineann siad úsáid as an uimhir.

Tabharfaidh an Roinn faoi fheachtas feasachta poiblí eile a leagfaidh amach úsáidí, lena n-áirítear teorannú na n-úsáidí, na huimhreach.

Cuireann an OCCS fáilte roimh seo thuas.

**Fothaí Sonraí/Meaitseáil Sonraí**

Rinneadh imscrúdú ar an mbealach a ndéantar bainistíocht laethúil ar fhothaí sonraí ó Oifig an Chláraitheora Ghinearálta (OCG) agus ó na Coimisinéirí Ioncaim Ar Líne. Baineann fothaí sonraí ón OCG le breitheanna atá cláraithe. Eisíonn SCC UPSP ar leanaí nuair a shaolaítear iad agus fógra faighte acu ón OCG. Agus an t-iniúchadh ar bun, bhain fothaí sonraí ó sheirbhísí Reach (a bhí ag feidhmiú faoi choimirce na RGST) le hiarratais chláráithe chun leas a bhaint as seirbhísí ar líne (seirbhísí na gCoimisinéirí Ioncaim go príomha). Le clárú den sórt ní mór go mbeadh próiseas meaitseála ann in aghaidh sonraí atá ar chomhaid an PCT agus na gCoimisinéirí Ioncaim sular féidir le duine a bheith mar úsáideoir cláraithe de sheirbhísí rialtais ar líne. Tá feidhmeanna REACH faoi fhreagracht na Roinne Airgeadais anois. Chuir an Roinn in iúl go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na naisc uile, na naisc idir an RGST agus na Coimisinéirí Ioncaim ina measc.

Nuair a rinneadh an taispeántas bhí iarratais a fuarthas trí sheirbhísí Reach á bpróiseáil, agus bhí mionsonraí a fuarthas trí rochtain a dhéanamh ar chomhad seolta PCT agus na gCoimisinéirí Ioncaim á bhforú ag baill foirne (ó 2006) chun cros-seiceáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis is mó suas chun dáta. Agus iad fíoraithe, má bhí seoladh na gCoimisinéirí ioncaim deimhnithe mar an seoladh is déanaí, ansin nuashonraíodh an seoladh ar an PCT leis seo a léiriú. Tá rochtain ar fáil freisin ar bhunachar sonraí OCG le dátaí breithe agus sonraí ainm a fhíorú. Baintear úsáid as téacs teimpléid le tuilleadh faisnéise a lorg nuair nach féidir na sonraí a chuirtear isteach a mheaitseáil go leordhóthanach leis na taifid atá ann.

Tá an fhreagracht do ghlanadh suas na dtaifead i gcoitinne ar an rannán seo freisin. Taispeánadh tuairisc don fhoireann iniúchta a léirigh méid na dtaifead UPSP neamh-inmharthana gan réimsí ríthábhachtacha ar nós céadainm, sloinne, seolta, etc. Tá 500,000 cuntas díomhaoin (gan aon ghníomhaíocht le haghaidh breis agus seacht mbliana) ar an gcóras, cásanna eisimirceach/neamhnáisiúnach/báis. Tá 139 taifead gan aon fhaisnéis dáta ná breithe iontu. D'áitigh SCC go bhféadfadh roinnt de na cutais díomhaoin sin a bheith gníomhach arís ar chúis amháin nó eile agus go raibh sé an-deacair sceideal diúscartha/scriosta a chur le chéile ach amháin leis na básanna a d'fhéadfaí a chur i gcartlann/ a chur chuig an gCartlann Náisiúnta.

### ***Iarratas Meaitseála Sonraí Tríú Páirtí***

Cuireadh in iúl don Fhoireann go bhfaightear gach iarratas meaitseála sonraí go lárnach agus cuirtear ar aghaidh chuig an SCC iad. I mbeagnach gach cás seoltar sonraí seachtracha trí cheangaltáin ríomhphoist chuig Oibríochtaí in Aonad TF na Roinne agus déantar iad a mheaitseáil trí chlár bairce a úsáid in aghaidh an chórais PCT. Baintear úsáid as cúiréirí freisin le díoscaí seachtracha a iompar. Chuir an Roinn ina luí go bhfuil na malartuithe meaitseála sonraí uile i gcomhréir le nósanna imeachta aistrithe slána. Chomh maith leis sin tarlaíonn cleachtaí meaitseála faisnéise agus aistrithe chuig comhlachtaí seirbhíse poblí ar bhonn ad-hoc. D'iarr an Fhoireann Iniúchta samplaí d'iarratais ad-hoc a fuarthas le déanaí a ndearnadh athbhreithniú orthu. Sonraíodh nach raibh SCC in ann cinneadh a dhéanamh maidir le héifeachtúlacht nó neamhéifeachtúlacht an ghnó d'iarratas meaitseála sonraí tríú páirtí. I gcásanna éagsúla, scrúdaíonn sé na

sonraí atá i gceist ina iomlán le féachaint an bhféadfaí meaitseáil a theorannú go grúpaí áirithe, etc.

#### **4.3.7 Rannán Rialaithe - Oifig an Stiúrthóra Réigiúnaigh**

Tugann an Rannán Rialaithe faoi shonraí ar mhionshonraí duine aonair a mheaitseáil atá iarrtha ó thríú páirtithe ag déanamh tagartha do na forálacha sna hAchtanna Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) mar an bunús. Ón scrúdú a rinneadh, faightear sonraí pearsanta go rialta ó na Coimisinéirí Ioncaim, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, agus Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (BNGSI). Fuarthas sonraí freisin ó gach institiúid tríú leibhéal agus ón Roinn Talmhaíochta & Bia, d'fhonn a fháil amach an bhfuil an duine ag fáil íocaíochtaí faoi cheann ar bith de na scéimeanna RGST. Measann an Rannán go ndéanann Alt 261(2) agus Alt 261(3) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 foráil do bhonn dlíthiúil leis na sonraí seo a aistriú agus a mheaitseáil.

Ó thaobh na gCoimisinéirí Ioncaim, sonraíodh go bhfuarthas sonraí ar dhaoine a thosaigh ag obair ar théip chriptithe. Tá na sonraí a fhaightear ón earnáil tríú leibhéal faighte trí ríomhphost agus níl siad criptithe. Tá na sonraí uile a fhaightear ó thríú páirtithe coinnithe ar bhunachar sonraí comhroinnte (tarraiceán comhroinnte) laistigh den Rannán Rialaithe. Tá rochtain ag an bhfoireann uile (10) laistigh den Rannán Rialaithe ar na fillteáin uile. Níl aon sceideal coinneála ná diúscartha le haghaidh sonraí atá stóráilte laistigh den tarraiceán comhroinnte agus ar an iomlán níl aon pholasaí coinneála sonraí maidir le comhaid ríomhaire ná comhaid fhisiceacha laistigh den Rannán Rialaithe.

Tá poirt USB cumasaithe ar na ríomhairí uile laistigh den rannán. Coinnítear comhaid fhisiceacha – an chuid is mó díobh a bhí ann roimh 2005 – i gcomhadchaibinéid nach bhfuil faoi ghlas. D'fhonn dul isteach sa Rannán Rialaithe, níl aon riachtanais slándála fhisiceacha. Tugadh faoi deara go bhfuil i gceist ag an Rannán bogadh go dtí Cora Droma Rúisc go luath agus sonraíodh go mbeadh rialuithe den sórt sin i bhfeidhm ansin.

Nótáladh go gcuireann an Rannán Rialaithe faisnéis ar fáil faoi láthair maidir le héilitheoirí leasa shóisialaigh do na Gardaí i Sráid an Phiarsaigh ar iarratas ó bhéal.

Mar fhreagra ar na pointí thuas, léirigh an Roinn go bhfuil rannóg Ionchúisimh Lárnach agus rannóg Rialaithe Lárnach sa Rannán Rialaithe. An líon iomlán foirne atá ann don Aonad ná 17.5 agus tá 10 díobh ag obair sa rannóg Rialaithe Lárnach. Baineann cuid mhór d'obair na rannóige Rialaithe Lárnaí le cleachtaí meaitseála sonraí mar a bhfuil foráil déanta dóibh faoi fhorálacha na hAchtanna Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú). Cumraíodh tarraiceán comhroinnte slán le sonraí a bhaineann leis na cleachtaí meaitseála a stóráil. Is gá don 10 ball foirne atá i gceist rochtain a dhéanamh ar na sonraí atá coinnithe sa limistéar comhroinnte lena gcuid dualgas a chomhlíonadh. Baineann an chuid is mó de na sonraí atá coinnithe i gcomhadchaibinéid sa rannán le tuarascálacha míosúla ar doiciméid fhoilsithe iad. Stóráiltear na sonraí uile a fhaightear ó thríú páirtithe le haghaidh cleachtaí meaitseála sonraí sa bhunachar sonraí tarraiceáin slán atá comhroinnte le rochtain teoranta. Níl cóip chrua de na sonraí seo i gcomhadchaibinéid.

Ar deireadh, tá nósanna imeachta nua curtha i bhfeidhm inar gá do na Gardaí iarratas a chur isteach i scríbhinn lena shonrú go bhfuil sé chun críocha imscrúdaithe Garda.

#### **4.3.8 Oifig Phoiblí (Teach Oisín)**

Tá oifig Chláraithe PSP i dTeach Oisín áit a bhfaightear iarratais d'uimhreacha PSP agus seiceáiltear céannacht daoine ar bhonn duine le duine sula ndéantar seiceáil bhreise go lárnach in aghaidh chórais na Roinne. Tugadh taispeántas gearr don Fhoireann ar na nósanna imeachta agus oibriúchán ginearálta na hoifige. Comhlánaíonn iarratasóirí an fhoirm iarratais chuí, an fhaisnéis a mbaintear úsáid aisti le cur leis na sonraí atá coinnithe ag an Roinn ina leith. Ní mór dóibh freisin na doiciméid chéannachta chuí a chur ar fáil chun tacú lena n-iarratas. Tá na doiciméid seo faoi réir seiceáil a bheith déanta orthu ag an bhfoireann cuntair agus taispeánadh na modhanna frithchaloise atá ar fáil don fhoireann, lena n-áirítear fillteán ina bhfuil cóipeanna de dhoiciméid chéannachta fhíoraithe ó thimpeall an domhain. Tá córas acu freisin chun uimhreacha stéille pas (“Féilire Digite Pas”) a dhíchódú lena chinntiú gur doiciméid bailí iad chomh maith le fearas a bheith acu chun fíordheimhniú na ndoiciméad seo a fhíorú.

Nuair atá doiciméid fíordheimhnithe agus na sonraí curtha isteach sa chóras, ní féidir le foireann na hOifige tuilleadh eagarthóireachta a dhéanamh orthu. Glactar le cóipeanna de dhoiciméid chéannachta iarratasóra agus coinníonn an Roinn iad ar feadh tréimhse éiginnte.

#### **4.4 Fothaí Sonraí Tríú Páirtí**

**Tá líon eintiteas ann a gcuirtear sonraí chucu agus a bhfaightear sonraí uathu ar bhonn leanúnach. Is faisnéis íogair í líon mór den fhaisnéis seo. Faigheann an córas PCT sonraí mar shampla ó fhoinsí seachtracha éagsúla; Na Coimisinéirí Ioncaim, FÁS, An Post agus Fáilte Ireland. Cuireann an Roinn faisnéis chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh.**

Tá comhéadain sheachtracha éagsúla ag córais na Roinne leis na Coimisinéirí Ioncaim, Banc na hÉireann, FloGas, An Post, Bord Gáis, etc. Cuirtear mionsonraí chuig na heintitis seo maidir leis na buntáistí cuí do chustaiméirí. Mar shampla, i gcás FloGas, cuirtear ar aghaidh mionsonraí custaiméirí atá incháilithe le haghaidh gáis bhuidéalaithe saor in aisce le bheith in ann an tseirbhís a sholáthar. Faoi láthair glacann Bord Gáis agus FloGas páirt sa Scéim Liúntais Gháis Nádúrtha. Níl aon amhras faoi ach is é Bord Gáis an rannpháirtí is mó sa scéim, le bunachar custaiméirí de 26,000 faighteoir liúntais RGST go neasach. Déantar comhaid a mhalartú faoi láthair i leith dámhachtainí agus foircinn tríd an mBealach Feidhmchláir Intleachtaigh (BFI). Na méideanna atá i gceist ná 100 dámhachtain agus 40 foirceann in aghaidh na seachtaine. Tá forbairt á déanamh ag Bord Gáis ar a gcórais le haistriú comhaid leictreonach san oíche a dhéanamh leis an Roinn thar líne léasaithe. Níl ach 150 faighteoir liúntais RGST ag FloGas. Níl aon aistrithe comhaid shonraí i mbulc leis an gcuideachta seo. Tá FloGas ag cumasú a gcóras le haghaidh malartaithe chomhaid chriptithe (PrivateFile). Idir an dá linn cuirtear líon beag dámhachtainí (1 nó 2 cheann in aghaidh na seachtaine) in iúl trí ghlaio fóin. Íoctar liúntas athlíonta Gháis Bhuidéalaithe díreach chuig cuntas airgid/ oifig phoist atá ainmnithe ag an gcuideachta. I measc mionsonraí an chustaiméara tá ainm & seoladh. I gcás An Post,



cuireann an Roinn in iúl dó maidir hainm agus seoladh na gcustaiméirí atá incháilithe le haghaidh ceadúnas teilifíse saor in aisce. Cruthaítear an ceadúnas teilifíse laistigh den chóras SDM agus cuirtear chuig an gcustaiméir é tríd an bpost. Tugtar sonraí ainm agus seolta díobh siúd atá incháilithe le haghaidh ceadúnas ionas go mbeidh an Post in ann liosta de choinneálaithe ceadúnais teilifíse a choinneáil.

Tá rochtain ag na húdaráis áitiúla chun críocha cíosa trí Líonra Príobháideach Fíorúil (LPF) an rialtais a dhéanann an chumarsáid ó phointe go pointe slán. Tá cead rochtana ag gníomhaireachtaí éagsúla eile freisin tríd an LPF.

De ghnáth seolann gníomhaireachtaí seachtracha faisnéis chuig an Roinn trí úsáid a bhaint as 'Ceangail do Díreach (*Connect Direct*) ar áis tarchurtha shlán í. Leis seo tá an ghníomhaireacht sheachtrach in ann sonraí a aistriú go slán agus cinntítear an seachadadh chuig freastalaí ar leith. Tá sé mar riachtanas ag Fáilte Ireland faisnéis a sheoladh chuig an Roinn ach níl an áis acu go fóill. Ina ionad, seolann siad faisnéis trí ríomhphost, cé gur cuireadh in iúl go mbaintear úsáid as criptiúchán.

Tá trí mhodh slán sainithe ag oibríochtaí TF lena seolfaidh siad faisnéis chuig tríú páirtithe agus lena bhfaighidh siad faisnéis uathu. Nuair a rinneadh an t-iniúchadh bhí tionscadal leanúnach ar bun chun an modh bhaineann le gach gníomhaireacht sheachtrach a aithint – agus go bhfuil gach modh ailínithe le polasaí maidir leis seo. Tá an tionscadal sin curtha i gcrích anois.

### **Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (BNGSI)**

Leagadh amach go bhfuil sé mar riachtanas de Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce faisnéis a fháil ón RGST go rialta. I gcás cónaitheoirí nach cónaitheoirí EEA iad le UPSP, cuirtear mionsonraí chuig an BNGSI d'ainm agus seoladh; an cineál éilimh; Íocaíocht; áit a gcláraíonn siad agus cathain a chláraíonn siad. Tá an bonn dlíthiúil maidir leis seo sonraithe mar Alt 8 den Acht um Inimirce 2003.

Tugadh faoi deara gur seoladh an fhaisnéis seo ar CD chuig an BNGSI, gan aon mheicníocht slándála bhreise, ar nós criptiúcháin etc. Nótáladh gur thóg Oifigeach Seirbhísí den Roinn an CD go pearsanta chuig an BNGSI agus gur síníodh dó lena dheimhniú go bhfuarthas é. Ach, níor cinntíodh slándáil na faisnéise leis seo amháin nuair a seachadadh í. Chuir an Roinn in iúl go bhfuil gach bulc-aistriú sonraí a dhéantar le comhlachtaí seachtracha údaraithe i bhformáid chriptithe, le héifeacht ó 1 Márta, 2008. Léirigh sí freisin nach bhfuil sí freagrach as gníomhaireachtaí eile ina n-inniúlacht féin mar rialaitheoirí sonraí.

## **4.5 Tátail Bhreise Maidir leis an nGrúpa Oibriúchán TF**

### **Athshocruithe Pasfhocail**

De bharr an lín mhóir foirne agus na n-áiteanna éagsúla, mheas an RGST go raibh sé dodhéanta na glaoiteoirí uile a raibh athrú pasfhocail uathu a aithint. Faoi láthair baineann foireann na Deisce Cabhraí úsáid as córas fíoraithe atá an-bhunúsach don ghlaiteoir agus is léir go bhfuil sé oscailte le haghaidh mí-úsáide. Thug an Roinn le fios, cé nár nochtadh

sáruithe ar bith, is ceist aitheanta í seo, agus tá athbhreithniú san áireamh i bpleananna gnó an réimse.

### **Cianrochtain Foirne agus Tríú Páirtí**

**Faoi láthair tá ilbhealaí ann inar féidir le foireann na RGST sa bhaile nó lasmuigh den láthair oibre, agus le conraitheoirí cothabhála agus soláthraithe, rochtain a dhéanamh ar na córais éagsúla. Ní mór tabhairt faoi na riachtanais seo.** Léirigh an Roinn go bhfuil trí mhodh ann faoi láthair chun rochtain a dhéanamh ar na sonraí, agus tá siad ar fad slán. Tá modh amháin roghnaithe le rochtain a dhéanamh ar shonraí ag an Roinn anois. Déanfar daoine a asnamh chuig an modh seo de réir mar is féidir leis na hacmhainní.

### **Slándáil Ríomhairí Glúine**

Aithníodh gur réimse ina bhfuil riosca i gceist í an tslándáil atá curtha ar fáil ar ríomhairí glúine ar gá díriú air áit a bhfuil sonraí pearsanta coinnithe ar ríomhairí glúine. Thug an Roinn le fios go mbaintear úsáid as pasfhocail BIOS agus go bhfuil nósanna imeachta le haghaidh ceisteanna agus cailteanas ríomhairí glúine i bhfeidhm. Léirigh sí freisin gur baineadh úsáid as ríomhairí glúine i mód caolchliaint áit nach n-aistríonn sonraí corparáideacha síos chuig an ríomhaire glúine.

### **Slándáil Deisce**

Faoi láthair tá dhá chóras i bhfeidhm, ar a dtugtar córas VAX teiriminéil dúir agus córas Ríomhaire Pearsanta Windows. Tá na córais teiriminéil dúir slán toisc nach stóráiltear sonraí ar bith orthu nó nach bhfuil aon rochtain ar stóráil fhorimeallach orthu. Níl na Ríomhairí Pearsanta bunaithe ar Windows slán, sa chaoi go bhfuil rochtain ag úsáideoirí ar rochtain uile an tiomántáin chrua, CD agus USB. Chuir an Fhoireann in iúl gur cheist í an úsáid neamhtheoranta de ghléasanna USB ar gá breithniú práinneach a dhéanamh uirthi agus thug an Roinn le fios go bhfuil sí i mbun fiosrú a dhéanamh faoi láthair faoi bhealaí inar féidir dul chun cinn a dhéanamh ar an gceist seo.

### **Slándáil Fhisiceach & Timpeallachta**

Rinneadh cigireacht fhisiceach ar \*\*\*\*\* agus \*\*\*\*\* . Tugadh faoi deara go raibh slándáil ar ardleibhéal i bhfeidhm sa dá chás nuair a rinneadh an chigireacht, agus bhfuil an cleachtas is fearr á leanúint. Nótáladh na mionphointí áirithe seo a leanas, go háirithe maidir le \*\*\*\*\*:

- Níl Aitheantóir Grianghraif de dhíth do \*\*\*\*\* (cé go bhfuil sé de dhíth le rochtain a dhéanamh ar \*\*\*\*\*). Is \*\*\*\*\* tábhachtacha iad an dá cheann díobh, agus dá bhrí sin ba chóir caitheamh leo mar an gcéanna.
- Tá an chuma air nach bhfuil loga coinnithe de threalamh a bhogann isteach sa \*\*\*\*\* agus amach as. Léirigh an Roinn go bhfuil sé logáilte i suíomh eile.

## **5. TÁTAIL**

Le linn na cigireachta fuarthas comhoibriú maith agus is mian leis an gCoimisinéir a bhuíochas ina leith a thaifeadh.

### **Slándáil Sonraí Pearsanta**

Thaispeáin an t-iniúchadh go bhfuil feasacht eagraíochtúil láidir i bhfeidhm ag leibhéal na hardbhainistíochta maidir leis na prionsabail um chosaint sonraí. Tá an chuma air freisin go bhfuil an dúil ann leanúint tríd leis an bhfeasacht seo ag leibhéal oibríochtúil. Tá dúshlán ann maidir leis seo in eagraíocht chomh mór agus chomh héagsúil leis an RGST. Bhí cuid de na dúshlán seo soiléir ó na ceistanna a nochtadh le linn an iniúchta. I gcásanna áirithe den chleachtas ar breathnaíodh orthu nochtadh neamh-chomhsheasmhachtaí áirithe, bréagnuithe, bearnaí eolais, guaiseacha slándála agus ceist shoiléir maidir le hinfhaighteacht acmhainní chun monatóireacht a dhéanamh go gníomhach ar an úsáid a bhaineann na comhlachtaí sonraithe as an UPSP.

Ba mheabhrú láidir é stóráil an lín mhóir shonraí pearsanta a bhaineann le tinneas díreach in aice leis an ardaitheoir ar an ngá atá ann lena chinntiú go dtuigear go hiomlán ar fud na Roinne na rioscaí atá i gceist le rochtain neamhúdaraitha a cheadú ar sonraí pearsanta. Glactar leis gur thug an Roinn míniú iomlán maidir leis seo.

Ó thaobh TF de, tá líon an-mhór de chórais a mheastar gur córais oidhreachta iad ag an RGST nach gcuireann an fheidhmiúlacht oiriúnach ar fáil le bheith cinnte de nach bhfuil rochtain ar sonraí pearsanta ar bun ach amháin ar bhonn riachtanais. Chuir an Roinn in iúl i dtaobh na ceiste seo go bhfuil sí i mbun clár ilbhliantúil a fheidmiú chun na feidhmchláir ríomhaire a úsáideann sí lena scéimeanna agus córais cliant a riar a athsholáthar. Tugtar córais 'oidhreachta' ar na córais seo. Nuair a tógadh na córais seo ar dtús, an gnáthchleachtas a bhí ann ná iad a chur ar fáil don líon is mó úsáideoirí gnó agus arbh fhéidir agus gan ach iniúchadh a dhéanamh ar na sonraí. Ach le blianta beaga anuas tá sé mar riachtanas anois an rochtain a theorannú go bonn 'riachtanais' agus a bheith ar an eolas ar an duine/na daoine a léigh sonraí duine.

Leanann sí ar aghaidh ag tabhairt le fios go bhfuil rialú agus áiseanna rochtana níos fearr san áireamh i ndeardh chórais nua na Roinne (ar a dtugtar an tSamhail Oibiachta Gnó) ina bhfuil an Roinn in ann rochtain léite a logáil agus a cheistiú. Déanfaidh an Roinn a córais 'oidhreachta' uile atá fágtha a athsholáthar/ascnamh thar na chéad 5 bliana eile nó mar sin. Tá luas an ascnaimh faoi rialú infhaighteachta acmhainní i réimsí teicniúla agus gnó na Roinne ((nach foláir dóibh leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus ag cothabháil córas táirgeachta reatha agus córais agus próisis na Roinne á n-atheagrú acu ag an am céanna) ach aithníonn an Roinn an inmhianaitheacht atá ann, ar chúiseanna éagsúla, leis an ascnamh a chur i gcrích. Mar gheall ar thábhacht a príomhchórais taifead cliant, cuireadh an acmhainn le 'hiniúchadh a léamh' in 'ais-oiriúint' go luath i ndiaidh chigireacht na Foirne Iniúchta ar an láthair.

Le linn na hiniúchta lorgaíodh comhairle ón Oifig seo maidir leis na córais ar chóir a bheith brostaithe sa chaoi seo. Ach níl seasamh ag an Oifig seo chun comhairle a thabhairt maidir leis seo toisc go bhfuil an Roinn sa suíomh is fearr mar úinéir gnó na gcóras chun an measúnú riosca feiliúnach a dhéanamh agus na hacmhainní a chur ar fáil go hiomchuí.

Le heaspa na rianta iniúchta iomlán do na córais criticiúla b'fhéidir nach mbeidh an Roinn in ann a dualgais a chomhlíonadh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí ó thaobh sonraí

a phróiseáil i mbealach atá slán agus sábháilte. Léirigh an Roinn go bhfuil sí buartha agus nach bhfuil sí sásta leis an nochtadh sa réimse seo.

Ina leith seo, ba chóir a léiriú freisin go bhfuil sé riachtanach sonraí pearsanta a aistriú chuig na córais fhorbartha nuair atá siad inmharthana agus le polasaí a chur i bhfeidhm chun rochtain ar na córais oidhreachta a bhaint. D'fhéadfadh an cleachtas reatha atá ann i gcásanna áirithe, cibé sainroghanna ar bith atá ag úsáideoirí gnó, leis na córais oidhreachta a choinneáil ar líne le sonraí stairiúla, buntáistí cosanta sonraí ar bith a mhaolú ó bhogadh córas den sórt sin chuig an SOG.

Tá ríthábhacht leis an tseiceáil randamach agus tréimhsiúil a tugadh isteach ar logaí rochtana mionsonraithe de bhaill foirne thar tréimhse áirithe. Cuideoidh na seiceálacha loga rochtana a tugadh isteach agus an cleachtas mar sheiceáil chaighdeánach leis an Roinn chun cosc a chur rochtain neamhúdraithe. Ba chóir go mbeadh nós imeachta aiseolais chuig láraonad oiriúnach ann freisin chun tacú leis na seiceálacha tréimhsiúla uile ag dearbhú gur tharla seiceálacha den sórt sin. Mar a sonraíodh níos luaithe faigheann an CGC fothaí faoi láthair maidir le nósanna imeachta rialaithe eile (Córas Seiceála Bainistíochta) i dtéarmaí éileamh calaoiseacha, etc, ar gá do mhaoirseoirí a dhéanamh. Thug an Roinn faoi na roghanna sa réimse seo a scrúdú i leith rochtana ó thaobh cosanta sonraí de.

### **Méid na comhroinnte sonraí sa tseirbhís phoiblí go forleathan trí úsáid a bhaint as an UPSP**

**De bharr chastacht na sreafaí faisnéise atá laistigh den Roinn agus ar fud na Roinne, ní raibh sé chomh héasca sin eolas iomlán agus soiléir a fháil maidir leis an méid comhroinnte sonraí atá ar bun thar Ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí trí úsáid a bhaint as sonraí ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh. Aithnítear go bhfuil nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm chun déileáil le hiarratais le haghaidh cleachtaí meaitseála sonraí ó Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ar bhonn leanúnach nó ad-hoc. Ach, faoi láthair ní dhéanann foireann na Roinne taifeadadh lárnach ar leibhéal ná méid na malartuithe atá déanta ar bhonn 'cás i ndiaidh cáis' ar fud na Roinne, cé gur dócha gur nochtaí dlisteanacha iad, ná ní dhéantar iad a logáil. Déantar mionsonraí de jabanna meaitseála a thaifeadadh. Dá bhrí sin tá sé deacair méid agus minicíocht na comhroinnte faisnéise atá ar bun idir an Roinn nó Ranna Rialtais nó comhlachtaí údraithe nó fiú dlínsí eile a mheas. Ceaptar gur fiú go mór cleachtadh mapála faisnéise ina dtugtar léargas do na sreafaí faisnéise pearsanta uile a tharlaíonn go hiondúil laistigh den Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh agus idir an RGST ó thaobh feabhas a chur ar shoiléireacht agus trédhearcacht maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil.**

Tá easpa áirithe soiléireachta ann maidir leis seo i dtaobh an ról atá ag SCC agus an Rannán Rialaithe maidir le meaitseáil sonraí. Tá sé soiléir ón gcigireacht a rinneadh ar an Rannán Rialaithe go bhfuil líon mór sonraí á lorg ó ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí seachtracha atá ag brath ar na forálacha san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 chun críocha rialú na scéimeanna leasa shóisialaigh. Ach, ag an am céanna, is é an

tuairim atá ag an Oifig seo ná nach bhfuil sé soiléir an féidir brath ar na forálacha seo i ngach cás le haghaidh an chineáil bhulc-shonraí atá á lorg faoi láthair ó institiúidí tríú leibhéal agus atá á gcur ar fáil acu i dtaca le mic léinn agus ón Roinn Talmhaíochta & Bia agus atá á gcur ar fáil aici i dtaca leis na híocaíochtaí a dhéantar le feirmeoirí. Is ábhar inní áirithe é seo don Choimisinéir agus moltar go lorgaíonn an Roinn comhairle dlí ar leith maidir leis an mbonn dlíthiúil iomlán ina leith seo. Faoi láthair níl aon pholasaí coinneála sonraí i bhfeidhm sa Rannán Rialaithe. Cuirtear fáilte roimh an léiriú ón Roinn go bhfuil nósanna imeachta nua á bhforbairt agus go mbeidh polasaí coinneála mar chuid de na nósanna imeachta nua sin.

Sa lá atá inniu ann tá éileamh, atá ag méadú i gcónaí, ar an UPSP – a bhí teoranta mar an SPC d'idirbhearta idir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus na Coimisinéirí Ioncaim – ó ghníomhaireachtaí poiblí mar choinníoll le réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil. Sonraítear in Alt 2 (1) (c) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 states *i measc nithe eile nach mbeidh sonraí* **“faighte ach amháin chun críche sonraíthe, léir agus dlisteanach amháin nó níos mó”**.

Sa reachtaíocht a rialaíonn úsáid an UPSP (an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005, go príomha) déantar foráil gur féidir leis na comhlachtaí sonraíthe sna hAchtanna Leasa Shóisialaigh nó duine nó comhlacht ar bith atá údaraithe ag na comhlachtaí seo chun gníomhú ar a son an UPSP a úsáid. Is í an chiall a bhaineann an Coimisinéir as na hAchtanna ná, ag an am céanna, nár chóir do chomhlachtaí den sórt sin é a úsáid ach amháin le haghaidh idirbheart áirithe agus áit a mbaineann an t-idirbheart le feidhm phoiblí de chomhlacht poiblí. Creideann an Coimisinéir go bhfuil an Roinn agus an OCCS comhaontaithe go hiomlán maidir leis seo i dtaca leis an ngá atá ann le srian a chur leis an tuiscint atá ann go bhféadfadh an UPSP a bheith mar aitheantóir uathúil chun iliomad críocha neamhshonraithe ag comhlachtaí poiblí agus fiú ag comhlachtaí san earnáil phríobháideach. Tugtar faoi deara nach léirítear i gClár Úsáide an UPSP atá coinnithe ag an RGST agus atá ar fáil óna suíomh Gréasáin, na húsáidí is déanaí agus breise den UPSP ag comhlachtaí sonraíthe. Moltar spotseiceáil a dhéanamh go minic ar na hiontrálacha atá ann cheana féin agus faisnéis bhreise a chur ar fáil mar réamhriachtanas le gur féidir le comhlachtaí den sórt sin leanúint ar aghaidh agus úsáid a bhaint as an UPSP chun críocha nach mbaineann le baill foirne. Ba chóir gach iontráil a bheith nuashonraithe le gach réimse ina bhfuil an UPSP á ghabháil agus á stóráil a chur san áireamh agus a léiriú.

Tá áiteanna ann inar féidir leis an Roinn feabhas a chur ar choinneáil sonraí i gcoitinne. Molann an Fhoireann Chigireachta go mbaintear úsáid as sraith treoirínthe sceidil coinneála atá curtha le chéile go lárnach do na hoifigí áitiúla agus brainsí atá bunaithe ar riachtanais ghnó na n-úsáideoirí agus táthar ag súil le foilsíú na sraithe sceideal coinneála chomh maith le treoirínthe polasaí bhainistíochta taifead nua.

## **6. MOLTAÍ**

### **BAINISTÍOCHT ROCHTANA AGUS SOLÁTHAR ÚSÁIDEORA:**

- Athbhreithniú foirmiúil ar an mbainistíocht rochtana agus soláthar úsáideora bunaithe ar an bprionsabal ‘Riachtanais’. Mar shampla, measann an Oifig seo gur dócha go bhfuil an bunachar d’úsáideoirí reatha le rochtain ar CGC de 3,500 ball foirne RGST go neasach agus 1,110 ball foirne breise den FSS iomarcach ó pheirspictíochta riachtanais ghnó.

**Freagra na Roinne: Sonraíonn Polasaí Rialaithe Rochtana Sonraí na Roinne go soiléir gur chóir go mbeadh an rochtain ar fheidhmchláir na Roinne agus faisnéis a bhaineann leo teoranta go daoine aonair údaraithe agus chun na críche a bhí beartaithe.**

Tá an Roinn i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné de bhainistíocht agus rialú sonraí agus faoi láthair tá sí ag breathnú ar raon beart leis na socrúithe slándála a fheabhsú le háirithiú níos fearr a thabhairt go bhfuil an íosfheidhmiúlacht atá de dhíth curtha ar fáil d’úsáideoirí údaraithe lena ról a fheidhmiú. Tá an Roinn i mbun plé freisin le soláthraithe seirbhíse seachtracha maidir le rochtain a dhéanamh ar na sonraí atá coinnithe ag an Roinn – cuireadh in iúl do ghníomhaireachtaí go ndéanfar soláthar rochtana díreach a ionadú le bealaí eile más cuí sin.

Is é an feidhmchlár CGC an córas atá in úsáid leis an gcuid is mó de scéimeanna gearrthéarma na Roinne a chlárú agus a chothabháil agus, dá bhrí sin, tá bunachar úsáideoirí forleathan aige. Cuirtear an córas ar fáil freisin do líon gníomhaireachtaí seachtracha chun tacú le raon seirbhísí agus tacaíochtaí custaiméara. I gcás na dtacaíochtaí, ceadaítear rochtain ar an mbonn Meabhrán Comhaontaithe a shonraíonn go soiléir an riachtanas atá ann a chinntiú go gcomhlíontar na hAchtanna um Chosaint Sonraí, agus nach ndéanfar rochtain ar shonraí pearsanta ach amháin chun na críche beartaithe agus nach ndéanfar iad a nochtadh do dhaoine neamhúdaraithe. Cuirtear rochtain ar an gcóras ar fáil don FSS chun tacú le híocaíocht na scéime Liúntais Leasa Fhorlíontaigh a riarann an FSS ar son na Roinne. Tá an Roinn i mbun plé a dhéanamh faoi láthair leis an FSS maidir lena riachtanais rochtana sonraí agus cuireadh in iúl dóibh go gcuirfear deireadh le rochtain dhíreach ar na córais RGST áit nach bhfuil sí de dhíth a thuilleadh agus go ndéanfar í a ionadú le bealaí eile más cuí sin.

- Más gá, na córais ar a dtugtar córais oidhreachta na Roinne a bhogadh chuig an SOG a bhrostú agus rochtain ar na córais oidhreachta a bhaint nuair atá sé seo déanta. Meastar leis na tátail i dtaca le bunachar na dteastas dochtúra go dtugtar léiriú ar leith den riachtanas atá ann an próiseas a bhrostú maidir leis na feidhmchláir a bhogadh chuig ardán nua atá níos oiriúnaí.

**Freagra na Roinne: Chuir an Roinn tús leis an bpróiseas le córas na dTeastas Dochtúra a athsholáthar mar chuid den tsraith reatha de thionscadail nuachóirithe.**

- Tá bearta teicniúla le bheith curtha i bhfeidhm ar an mbonn atá leagtha amach in Alt 5 chun céannú rochtana gach úsáideoir ar shonraí pearsanta a éascú ar fud líonra na Roinne.

**Freagra na Roinne: Tá an áis seo ionchorpraithe ag an Roinn ina Príomhchóras Taifead agus sna réitigh ghnó atá curtha le chéile ar an tSamhail Oibiachta Gnó nua.**

- Cuntais chineálacha a dhíchumasú láithreach, e.g., mar a fuarthas i dtaca le INFOSYS agus polasaí a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar úsáid cuntas den sórt sin le rochtain a dhéanamh ar shonraí RGST. Gan ach cuntais uathúla a chruthú ina mbeifear in ann rian iniúchta lánbhrí a sholáthar. **Freagra na Roinne: Is é seo polasaí na Roinne.** Tá gach cuntas cineálach inmheánach ar na feidhmchláir ina bhfuil sonraí custaiméirí díchumasaithe agus tá socruithe á ndéanamh chun gach cuntas cineálach seachtrach ina bhfuil sonraí custaiméirí a dhíchumasú.
- Nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le rochtain ar na córais a cheadú agus a bhaint. **Freagra na Roinne: Polasaí na Roinne ná go ndéanann úinéir an fheidhmchláir na pribhléidí rochtana úsáideora a údarú agus tá siad le cúlghairm láithreach nuair nach bhfuil an t-úsáideoir aonair i dteideal iad a bheith aige/aici a thuilleadh. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar shocruithe maidir le soláthar a dhéanamh agus a bhaint (mar a bhfuil tagairt déanta dóibh mar fhreagra ar an gcéad mholadh thuas).**
  - Nós imeachta foirmiúil a chomhaontú chun athshocruithe pasfhocail a dhéanamh, faoi na coinníollacha agus an fhaisnéis atá de dhíth. **Freagra na Roinne: Tá nósanna imeachta athshocraithe pasfhocail athbhreithnithe á ndréachtú faoi láthair.**
  - Cleachtadh iniúchta a dhéanamh le líon na gcuntas ‘iomarcacha’ atá sa chóras OpenVMS a dhéanamh amach. **Freagra na Roinne: Déanann an Roinn athbhreithniú go rialta ar chuntais díomhaoin agus cuirtear deireadh leo más cuí sin. Tharla an t-athbhreithniú deiridh i mí Feabhra 2008.**
  - Feidhmiúlacht tuairiscithe iniúchta fheabhsaithe áit ar féidir tuarascálacha a choimisiúnú agus a chur ar fáil ina n-aithnítear treochtaí agus spící sa rochtain.
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar logaí rochtana atá déanta ag baill foirne ag leibhéal an mhaoiseora ar bhonn tréimhsiúil chun patrúin rochtana neamhrialta i measc na foirne a léiriú. Tá na hathbhreithnithe seo le bheith mar chuid de shraith na seiceálacha a dhéanfar a fhothú ar ais chuig an ATRI nó chuig rannán eile feiliúnach.
  - Tuarascálacha ‘treochta úsáideora’ a scaipeadh go rialta ar bhainisteoirí aonaid áitiúla le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe. Déantar Bainisteoirí Áitiúla a lonnú san áit is fearr inar féidir leo ceisteanna a aithint a bhaineann go háirithe le réimse ina bhfuil siad ag obair. **Freagra na Roinne: Déileálann na trí mholadh deiridh le tuairisciú a dhéanamh ar logaí de rochtain úsáideora. Breathnóidh an Roinn ar an scrúdú ar a logaí rochtana agus an tuairisciú ar aimhrialtachtaí a nochtar a uathoibriú.**

## SLÁNDÁIL:

- Measúnuithe seachtracha a dhéanamh go minic (measúnuithe teicniúla agus daonna) ar shlándáil chórais na Roinne. **Freagra na Roinne: Tá an cleachtas seo i bhfeidhm sa Roinn faoi láthair agus leanfar ar aghaidh leis. Tá próiseas bainistíochta riosca faisnéise cuimsitheach ag an Roinn ina bhfuil measúnú ar ghnéithe teicniúla agus daonna de shlándáil faisnéise de dhíth. Go déanach i 2005 d’fhostaigh an Roinn comhairleoirí chun tacú le tionscadal Bainistíochta Riosca Faisnéise d’fhonn an próiseas a chur i bhfeidhm níos mó sa Roinn. San áireamh sa tionscadal freisin bhí measúnú ar na córais ghnó is tábhachtaí sa Roinn.**

- Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh láithreach ar an ábhar atá i sliocht an chórais (tag: Aonad na Staitisticí cuid 4.3.2) agus ar liosta na bhfaighteoirí a scaiptear é orthu chun é a chur ina cheart. **Freagra na Roinne: Tá an t-athbhreithniú seo ar siúl faoi láthair.** Tá leasú déanta ar ábhair an tsleachta a cuireadh ar fáil d'Aonad na Staitisticí leis na sonraí uile neamhriachtanacha a bhaint.
- Treoir a thabhairt don fhoireann maidir leis an riachtanas atá ann le sonraí pearsanta a stóráil i mbealach atá slán. Ba chóir monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh ar bhonn leanúnach. **Freagra na Roinne: Is clár leanúnach é seo atá ar siúl anois ar feadh tamaill. Tá treoirlínte oibríochtúla athbhreithnithe á n-ullmhú faoi láthair.**
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shlándáil ríomhairí glúine i gcoitinne, agus plean straitéiseach a chur le chéile le bearta slándála breise a chur i bhfeidhm, ar nós criptiúcháin ríomhairí glúine, sa ghearrthearma áit a d'fhéadfadh sonraí pearsanta a bheith ar ríomhairí glúine. **Freagra na Roinne: Tá athbhreithniú ar siúl faoi láthair ar ghléasanna ríomhaireachta agus stórála iniompartha. Tá breithniú á dhéanamh ag an Roinn faoi láthair ar raon beart le feabhas a chur ar shlándáil na ngléasanna seo.**
- Go hidéalach ba chóir go mbeadh na poirt diosca agus USB uile ar ríomhairí na foirne uile díchumasaithe, ach amháin má tá cúis ghnó atá sainithe go soiléir agus éigeantach inar chóir go mbeifí in ann rochtain a dhéanamh orthu. Áit a n-úsáidtear eochracha USB, ba chóir, ar a laghad, go ndéanfaí méid áirithe d'iniúchta agus logála ar a gcóipeálann úsáideoirí ó ríomhairí go heochracha USB. **Freagra na Roinne: An gnáthbhealach a cheanglaítear an chuid is mó de na gléasanna forimeallacha le Ríomhairí Pearsanta anois ná trí phoirt USB. I measc na ngléasanna a cheanglaítear trí na poirt seo tá méarchláir, luchóga, printéirí agus scanóirí chomh maith le gléasanna stórála.** Déanfaidh an Roinn imscrúdú ar réitigh le gléasanna a dhíchumasú go roghnach agus/nó ar bhearta slándála breise ar nós criptiúcháin a chur i bhfeidhm. Táthar ag tabhairt faoi seo i gcomhthéacs an athbhreithnithe a bhfuil tagairt déanta dó thuas.
- Tús a chur le cur chuige caighdeánaithe d'fhobairt bogearraí ina bhfuil slándáil curtha san áireamh ag tús shaolré fhorbairt na mbogearraí. **Freagra na Roinne: Tá cur chuige caighdeánach ag an Roinn d'fhorbairt bogearraí, agus déanfar athbhreithniú air seo, féachaint an bhfuil bearta breise de dhíth le cur i bhfeidhm le moltaí na tuarascálacha seo a bhaint amach.**
- Ní mór teagmhais cosanta sonraí de shárú slándála a thuarisciú chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí Láithreach. **Freagra na Roinne: Thoiligh an Roinn gach sárú cosanta sonraí suntasach a thuarisciú chuig an gCoimisinéir.**

#### **UPSP & CSP:**

- Tá tábhacht ar leith ag baint le Clár Úsáideoirí an UPSP mar fhoinse thagartha. Ba chóir iarrachtaí a dhéanamh lena chinntiú go ndéanann na gníomhaireachtaí uile é a nuashonrú le húsáid iomlán an UPSP a léiriú agus ba chóir go mbeadh níos mó acmhainní curtha ar fáil don tasc seo. **Freagra na Roinne: Tá sé beartaithe ag an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha an Achta Leasa Shóisialaigh**



**(Comhdhlúthú)** 2005 a bhaineann leis an UPSP agus déanfar féidearthacht an mholta seo sa chomhthéacs sin.

- Ba chóir tús a chur le spotseiceáil a dhéanamh ar chomhlachtaí sonraithe agus ar an úsáid a bhaineann siad as an UPSP bunaithe ar Chlár Úsáideoirí. **Freagra na Roinne:** Scrúdóidh an Roinn féidearthacht an mholta seo i gcomhthéacs an athbhreithnithe a bhfuil tagairt déanta dó thuas.

- Ba chóir go gcuirfeadh gach comhlacht sonraithe iarratas isteach chuig an RGST le húdarú/cead a fháil chun úsáid nua ar bith den UPSP a thabhairt isteach. **Freagra na Roinne: Measann an Roinn go bhfuil an úsáid a bhaineann comhlachtaí sonraithe as an UPSP faoi réir fhorálacha an Achta Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú)** 2005 agus na gnáthreachtáíochta um Chosaint Sonraí. Déanfar breithniú ar an moladh seo i gcomhthéacs an athbhreithnithe a bhfuil tagairt déanta dó thuas.

### **COMHROINNT/MALARTÚ SONRAÍ:**

- Measúnú go bhfuil bonn oiriúnach san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 don chineál bulchsonraí atá á lorg ag an Aonad Rialaithe chun na scéimeanna a rialú **Freagra na Roinne: Déanann Alt 261 den Acht Leasa Shóisialaigh foráil don bhonn reachtáíochta le haghaidh na malartuithe seo. Tá forálacha an Achta a bhaineann le comhroinnt sonraí agus malartú sonraí faoi scrúdú faoi láthair.**

- Ba chóir go mbeadh fócas ann lena chinntiú nach bhfuil ach an leibhéal cuí rochtana ar fáil nuair a thugtar cead rochtana do ghníomhaireacht chuig sonraí Roinne eile nó vice-versa. **Freagra na Roinne: Mar atá sonraithe thuas, tá an Roinn i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar rochtana le soláthraithe seirbhíse.** Cuireadh in iúl do ghníomhaireachtaí go mbeidh soláthar rochtana díreach á athchur le bealaí eile más cuí.

- I láthair na huairé, tá 3 bhealach slán aontaithe ag Oibríochtaí TF trína nglacfaidh siad le faisnéis ó thríú páirtithe agus lena gcuirfidh siad faisnéis ar fáil dóibh. Ní mór do na tríú páirtithe na nósanna imeachta seo a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloíonn na bealaí trína bhfaigheann siad faisnéis ón RGST le ceann amháin de na trí mhodh aontaithe. **Freagra na Roinne: Tá an moladh seo curtha i bhfeidhm ag an Roinn maidir le haistrithe sonraí chuig tríú páirtithe agus cuirfear in iúl dóibh i leith na n-aistrithe chugainn. Cinnteoidh an Roinn go mbeidh na bealaí malartaithe shonraí amach anseo a d'fhéadfaí a úsáid slán freisin.**

- Ó thaobh aistrithe sonraí ó ghníomhaireachtaí tríú páirtí ba chóir polasaí a chur le chéile ina mbeidh teorainn den mhéid is lú cóipeanna de shonraí den sórt sin atá déanta agus a choimeádtar. **Freagra na Roinne: Déanfar é seo a ionchorprú isteach sna treoirlínte athbhreithnithe.**

- Ní mór do Fáilte Ireland agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta láithreach lena chinntiú go bhfuil na bealaí trína seolann siad faisnéis chuig an RGST ag cloí le ceann amháin de na trí 'bhealaí cinnte' atá curtha ar fáil ag an RGST. **Freagra na Roinne: Déanann Fáilte Ireland na sonraí a chripiú cheana féin; Cuirfear moladh an OCCS in iúl don BNGS.**

- Ag bogadh ar aghaidh, déan iniúchadh ar na modhanna éagsúla ina gcuirtear cianrochtain ar fáil, agus déan bealach rochtana amháin a chomhdhlúthú. **Freagra na**

**Roinne:** Tá modh rochtana roghnaithe aitheanta ag an Roinn agus díreoidh sí air seo. Mar sin féin, aithníonn sí go bhféadfadh modhanna eile a bheith feiliúnach i gcásanna áirithe chomh fada agus atá siad seo slán agus ar féidir iniúchadh a dhéanamh orthu.

- Ba chóir go mbeadh gach iarratas ó chomhlachtaí seachtracha agus gníomhaireachtaí nach bhfuil foráil ar leith déanta dóibh sa reachtaíocht lena n-áirítear An Garda Síochána, i scríbhinn agus ba chóir go sonrúfaí go mbaineann an t-iarratas le coir a imscrúdú, a bhrath nó a chosc. Bheadh bonn níos feiliúnaí curtha ar fáil don RGST leis seo chun faisnéis den sórt sin a scaoileadh de réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

**Freagra na Roinne:** Tá an fhoráil seo san áireamh sna Treoirínte athbhreithnithe ar Chosaint Sonraí a chuir an Roinn ar aghaidh chuig an OCCS le breathnú orthu agus le tuairimí a thabhairt sula scaipfear sa Roinn iad.

### **POLASAITHE UM CHOSAINT SONRAÍ:**

- Ba chóir an bhéim chuí a leagan ar oiliúint shuntasach i gcosaint sonraí don ghrúpa reatha den fhoireann laistigh den Roinn chomh maith le díriú ar iontrálaithe nua. Bhí an gá a bhí ann don fhócas seo soiléir tríd an iniúchadh. **Freagra na Roinne:** Tá an Roinn ag obair go gníomhach le tabhairt faoin bhfeasacht foirne um shlándáil faisnéise trí chlár forleathan a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as na meáin éagsúla. San áireamh sa chlár tá seisiúin oiliúna fhoirmiúla, láithreoireachtaí, fógraí oifige, ríomhfhoghlaim, teachtaireachtaí rialta ar líne, ailt in irisí agus póstaer na Roinne. Ó thaobh na láithreoireachtaí foirmiúla, cé go rabhthas ag díriú ar iontrálaithe nua agus ionduchtú bainistíochta líne, agus tá siad seo leathnaithe amach anois leis an ngrúpa foirne atá ann faoi láthair a chur san áireamh.

Déanfar breithniú ar na moltaí atá déanta ag an OCCS i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an straitéis feasachta um shlándáil faisnéise atá ar bun faoi láthair.

- Déanann Cuid 2(1)(c) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 agus 2003 foráil nach gcoinneoidh rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá le haghaidh na gríche nó na gríoch sin a bhfuarthas iad dó. Dá réir sin, moltar go gcuireann an RGST polasaí sainithe ar na tréimhsí coinneála do na míreanna uile de shonraí pearsanta atá faoi sheilbh na heagraíochta le chéile agus i bhfeidhm. **Freagra na Roinne: Glacann an Roinn leis an moladh seo.**

## **7. ATHBHREITHNIÚ AR AN DUL CHUN CINN**

Tá sé comhaontaithe go gcuirfidh an Roinn Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar an eolas maidir leis an dul chun cinn atá déanta ar na ceisteanna ar leagadh béim orthu sna moltaí agus i bpríomhchuid na tuarascála thuas, maidir le sreafaí sonraí ina measc, nach déanaí ná deireadh 2008. Beidh tuilleadh idirghníomhaíochtaí ann an uair sin maidir le riachtanas ar bith eile a bheadh ann le tuilleadh plé a dhéanamh leis an Oifig chun na dualgais um chosaint sonraí a chomhlíonadh.

## **8. AGUISÍNÍ**

Aguisín 1: Litir rúin chun iniúchadh a dhéanamh.

Aguisín 2: Gníomhaireachtaí seachtracha a bhfuil rochtain acu ar 'INFOSYS'

Aguisín 3: Cigireacht an chórais HRM



## **Aguisín 1: Litir rúin chun iniúchadh a dhéanamh.**

30 Deireadh Fómhair 2007

Ms. Bernadette Lacey

Ard-Rúnaí

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Áras Mhic Dhiarmada

Sráid an Stórais

Baile Átha Cliath 1.

A Ard-Rúnaí, a chara

Ag eascairt as an teagmháil leanúnach atá ar bun le do Roinn táim ag scríobh chugat maidir leis na buarthaí atá ann i dtaobh slándála sonraí pearsanta atá faoi sheilbh na Roinne. Rinne mé iarracht labhairt leat le déanaí faoi na tuairiscí is déanaí maidir le sárúithe slándála a tháinig chun cinn sna meáin i lár Dheireadh Fómhair. Ó shin fuairéamar líomhain ar leith maidir le sárú eile a tharla le déanaí agus cuireadh na mionsonraí sin ar aghaidh chuig Maureen Waldron i do Roinn.

Is cúis mhór inní dom iad líon na dtuairiscí de ‘scileadh’ neamhdhleathach d’fhaisnéis phearsanta – roinnt de atá íogair go maith – a tháinig ó laistigh de do Roinn. Cé go dtuigim na sriantaí faoina bhfeidhmíonn an Roinn, tá a fhios agam go roinnfidh tú an tuairim chéanna liom go bhfuil custaiméirí an Stáit i dteideal ráthaíochtaí a fháil, nach mbainfidh ach amháin iad siúd ar gá dóibh rochtain a dhéanamh ar an bhfaisnéis, úsáid as an bhfaisnéis a thugann siad don chóras Stáit – an-chuid de atá faoi iallach dleathach – agus ní nochtfar í do thríú páirtithe nach bhfuil i dteideal í a fháil.

Tuigim go hiomlán go bhfuil céimeanna áirithe glactha ag an Roinn chun tabhairt faoin gceist seo. Aithním freisin gur chomhoibrigh an Roinn leis an Oifig seo i dtaca le ceisteanna ar leith agus leis an iniúchadh a rinneadh i 2006. Ach nílim cinnte dearfa de go fóill go bhfuil dóthain céimeanna glactha ag an Roinn go dtí seo leis an leibhéal dearbhaithe riachtanach a chur ar fáil don líon mór daoine a bhfuil a sonraí á gcoinneáil ag do Roinn agus le dualgais na Roinne a chomhlíonadh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Dá bhrí sin tá sé beartaithe agam iniúchadh fócasaithe a dhéanamh ar nósanna imeachta do Roinne le sonraí pearsanta a phróiseáil. Bheadh an t-iniúchadh seo, a dhéanfar faoi Alt 10 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003, go páirteach mar athiniúchadh ar an iniúchadh deiridh a rinne m’Oifig ar an Roinn i 2006 a bhí níos ginearálta. Creidim go mbeadh an t-iniúchadh seo mar thairbhe do do Roinn ó thaobh tuairim sheachtrach neamhspleách a thabhairt maidir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm le sonraí pearsanta a phróiseáil agus bearta ar bith eile ar chóir a dhéanamh le slándáil sonraí den sórt sin a ráthú.

Díreoidh an t-iniúchadh ar dhá phríomhchnuasach de cheisteanna:

**(i) Na bearta atá i bhfeidhm le slándáil shonraí pearsanta chustaiméirí na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a chosaint**

- An méid rochtana ar shonraí custaiméirí a chuirtear ar fáil d'fhoireann na Roinne agus do ghníomhaireachtaí eile a bhfuil rochtain acu ar bhunachair shonraí na RGST
- Na bearta teicniúla atá i bhfeidhm leis an rochtain ar shonraí pearsanta ar fud líonra na Roinne a aithint
- Breithniú a dhéanamh ar an rud atá i gceist le rochtain ‘riachtanach’ ar fud Roinne móire ar nós do Roinne
- Na córais atá i bhfeidhm le cead rochana ar shonraí pearsanta ar bhonn ‘riachtanais’ a thabhairt agus a bhaint
- Na bearta praiticiúla atá i bhfeidhm le hathbhreithniú a dhéanamh ar na logaí rochtana ag an leibhéal bainistíochta chun patrúin rochtana neamhrialta i measc na foirne a léiriú
- Na céimeanna a glacadh le hoiliúint a chur ar an bhfoireann maidir leis na freagrachtaí atá i gceist agus sonraí pearsanta á láimhseáil
- Measúnuithe seachtracha ar shlándáil (slándáil theicniúil agus dhaonna) chórais na Roinne le 5 bliana anuas
- Teagmhais aitheanta de shárú slándála le 5 bliana anuas agus mionsonraí de ghníomhaíocht ar bith a rinneadh dá bharr
- Na bearta slándála breise a rinneadh ón iniúchadh deiridh a rinne m'Oifig
- Gníomhaíochtaí beartaithe le tuilleadh feabhais a chur ar an tslándáil

**(ii) Eolas níos soiléire a fháil maidir leis an méid comhroinnte sonraí atá ar siúl sa tseirbhís phoiblí go forleathan trí úsáid a bhaint as an UPSP mar aitheantóir agus trí na sonraí a úsáid ó do Roinn**

- An leibhéal rochtana iomchuí ar shonraí atá ann nuair a thugtar cead rochtana do Ghníomhaireacht ar shonraí do Roinne agus vice-versa le fócas ar leith ar phríomh-Ranna roghnaithe
- Níosanna imeachta atá i bhfeidhm chun déileáil le hiarratais ó Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais agus ó dhaoine eile le rochtain a dhéanamh ar shonraí pearsanta atá faoi sheilbh do Roinne ar bhonn leanúnach agus ad-hoc
- Bearta atá curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar an rochtain ar shonraí pearsanta do Roinne i gcásanna den sórt sin
- Bearta atáthar ag iarraidh a bheith i bhfeidhm i nGníomhaireacht ar bith a fhaigheann cead rochtana den sórt sin ar shonraí pearsanta do Roinne.

Cheapfainn go nglacfaidh an t-iniúchadh líon laethanta le cur i gcrích, agus gur dócha go mbeidh níos mó ná cuairt amháin chuig an Roinn i gceist. Féadfaidh sainchomhairleoirí slándála seachtracha cúnaimh a thabhairt don fhoireann iniúchta. Beidh gach ball den fhoireann iniúchta (lena n-áirítear na comhairleoirí) mar “oifigeach údaraithe” faoi théarmaí Alt 24 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí le cearta rochtana gaolmhara ar dhoiciméid agus dualgais rúndachta chomhfhreagracha.

Mar gheall ar an leibhéal tromchúise a thugaim d'iniúchadh rathúil, d'iarr mé ar an Leas-Choimisinéir, Gary Davis, a bheith i gceannas ar an iniúchadh. Ba mhór agam é dá

bhféadfá ball foirne sinsearach a ainmniú le teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann iniúchta agus socrú a dhéanamh go ndéanfadh an duine sin teagmháil le Gary Davis le dátaí feiliúnacha a shocrú leis an iniúchadh a dhéanamh. Ba mhian liom go dtarlódh an t-iniúchadh tráth nach déanaí ná mí Eanáir 2008.

I ndiaidh an iniúchta, cuirfear dréacht-thuarascáil, le moltaí, ar fáil le haghaidh do Roinne le ráiteas a thabhairt. Feictear dom go mbeidh na príomhphointe den tuarascáil curtha ar fáil go poiblí trí mo Thuarascáil Bhliantúil don Oireachtas nó trí bhealach eile.

D'fhonn an stiúradh is fearr den iniúchadh a chinntiú, ba mhór agam é dá bhféadfá socrú a dhéanamh agus faisnéis chúlra áirithe a chur ar fáil roimh ré:

- Sreabhchairt agus cur síos ginearálta ar na córais uile ina bhfuil sonraí pearsanta atá in úsáid faoi láthair laistigh de do Roinn
- Liosta de na daoine seachtracha uile a bhfuil rochtain acu ar na córais seo agus liosta den rochtain atá ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh ar chórais sheachtracha
- Liosta de na comhlachtaí forordaithe atá sonraithe le UPSP a bhailiú agus a úsáid in éineacht leis an mbonn reachtaíochta i ngach cás
- Léargas ginearálta ar an úsáid a mbaineann gach comhlacht forordaithe as an UPSP

Bheinn buíoch díot ach an t-ábhar seo a fháil faoi dheireadh mhí na Samhna. Tá sé seo, dar ndóigh, de bhreis ar an bhfreagra ar na 'scilteacha' chuig cuideachtaí árachais (trí Imscrúdaitheoirí Príobháideacha) a chuir mé faoi do bhráid mí an Mheithimh seo caite agus a bhfuilim ag súil lena fháil go luath.

An cur chuige atá agam ná toradh a fháil ina mbeidh bealach soiléir, réadúil agus infhíoraithe ann chun na caighdeáin a bhaint agam a bhfuiltear ag súil leis le sealbhóir sonraí pearsanta chomh mór sin. Feictear dom go mbeadh sé seo mar réamhriachtanas do mholtaí ar bith a dhéantar amach anseo leis na sonraí atá ag an Roinn a leathnú amach nó le haghaidh tuilleadh comhroinnte de shonraí den sórt sin ar fud na hearnála poiblí.

Táim ag súil go mór le do rannpháirtíocht phearsanta leis an obair seo a chur i gcrích agus táim ar fáil le haghaidh soiléiriú ar bith a bheadh de dhíth ort.

Is mise le meas  
Billy Hawkes  
Coimisinéir Cosanta Sonraí



## **Aguisín 2: Gníomhaireachtaí seachtracha a bhfuil rochtain acu ar ‘INFOSYS’**

FÁS

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Comhairle Contae Átha Cliath Theas

Comhairle Contae Fhine Gall

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Foireann Forbartha Comhtháite Dhún na nGall

An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil\*

An Phríomh-Oifig Staidrimh

\* B'fhéidir go bhfuil alaghráf teoranta ‘inléite amháin’ den INFOSYS faoi chomhaontú leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil ag Rannáin Cóiríochta Cíosa Tithíochta sna Comhairlí Contae nach bhfuil san áireamh sa liosta thuas.



### **Aguisín 3: Cigireacht ar chóras um Bainistíocht Acmhainní Daonna (AD)**

Rinneadh cigireacht ar an gcóras seo le linn an iniúchta le go bhféadfadh an Oifig scrúdú a dhéanamh ar a hoibriúchán ó thaobh peirspictíochta cosanta sonraí. Tá sé in úsáid ar fud na státseirbhíse agus dá bhrí sin beidh beidh infheidhmeacht i gceist ar fud na státseirbhíse le conclúid ar bith.

Leithdháiltear rochtain ar an gcóras ar úsáideoirí laistigh den Aonad AD de réir a riachtanas. Tá rochtain taispeána amháin ar fáil i gcásanna áirithe. Níl ach líon beag 'sár-úsáideoirí' le rochtain cineáil riaracháin laistigh de rannán le 60-70 ball foirne ar an iomlán. Tugtar faoi deara gurb é UPSP an bhaill foirne aitheantas an úsáideora chun rochtain a dhéanamh ar an gcóras agus ní dócha má úsáidtear an UPSP chun na críche seo go bhfuil sé i gcomhréir leis an mbonn reachtaíochta chun í a úsáid.

Níl na sonraí den chineál tuarastail/Liúntais san áireamh i Sonraí Poist/Gairme, *e.g. ní bheadh AD ar an eolas maidir le hasbhaintí tuarastail ná ní bheadh aon mhionsonraí acu*. Ní dhéantar ach taifeadadh ar phointe tuarastail an duine aonair ar an scála. Ní thugtar mionsonraí ar imeachtaí araíonachta ar an gCóras um Bainistíocht Acmhainní Daonna. I gcásanna inar tharla gníomh araíonachta, féadtar nóta ar nós “Féach ar an gComhad Láimhe” a chur isteach sa chóras. Ní dóichí ach go mbeidh mionsonraí ar nós sárúithe agus easnaimh fleisc-chloig sonraithe. Ach, tá taifid maidir le neamhláithreachas agus faisnéis sláinte ar fáil i gcoitinne le breathnú orthu. Déantar na cúiseanna de bharr sochair tinnis a thaifeadadh ar an gcóras trí roghnú a dhéanamh ó roghchlár anuas forleathan de roghanna.

Déantar faisnéis Rátála CBFF a uaslódáil ar an gcóras agus tá sí ar fáil i gcoitinne don phobal chun breathnú uirthi. Ní bheadh sé soiléir dá mbeadh an rochtain ar an bhfaisnéis seo atá ar fud an aonaid i gcomhréir le hionchais na mball foirne a dhéantar a rátáil sa bhealach seo. Ní dhéantar na torthaí iomaíochta a thaifeadadh, ach amháin faisnéis maidir leis na feachtais iad féin.